NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtsonraíocht Churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

## Le faomhadh i gcomhair comhairliúcháin



## Clár an Ábhair

1. RÉAMHRÁ ........................................................................................................ 1

2. RÉASÚNAÍOCHT .................................................................................................. 5

3. AIDHMEANNA ..................................................................................................... 7

4. SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE ......................................................................... 8

5. TORTHAÍ FOGHLAMA ....................................................................................... 10

6. CURACLAM BUNSCOILE AN OIDEACHAIS SHÓISIALTA AGUS IMSHAOIL I GCLEACHTAS ...................................................................................................... 20

7. ACHOIMRE AR UIRLISÍ ÚSÁIDE AR LÍNE DON OIDEACHAS SÓISIALTA AGUS IMSHAOIL .......................................................................................................... 36

8. GLUAIS .............................................................................................................. 37

AGUISÍN 1: COINCHEAPA AGUS SCILEANNA AN OIDEACHAIS SHÓISIALTA AGUS IMSHAOIL ............................................................................................... 39

# 1. Réamhrá

Tacaíonn curaclam na bunscoile le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta. Aithníonn *Creatchuraclam na Bunscoile*[1] gur am é an bunoideachas le 'bheith' agus le 'héirí' – rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris do pháistí atá suimiúil, ábhartha, agus atá dúshlánach mar is cuí. Tá sé tábhachtach go mbaineann páistí taitneamh as na heispéiris seo agus go mbraitheann siad cumhachtaithe trí bheith rannpháirteach iontu san am atá i láthair, agus go n-ullmhaítear iad don fhoghlaim sna blianta amach rompu.

Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas, mar a luaitear i g*Creatchuraclam na Bunscoile*, maidir le cur le sochaí na hÉireann atá daonlathach, cothromasach agus cóir. Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, bunaithe ar an bhfís go bhfuil páistí uathúil, cumasach, ábalta, agus ina mbaill luachmhara den phobal. Trína bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, cuirtear ar chumas na bpáistí iad féin a fheiceáil mar bhaill den tsochaí a bhfuil cearta agus freagrachtaí acu, agus a mhothaíonn gur féidir leo cur le cúrsaí tábhachtacha áitiúla, náisiúnta agus domhanda. Tarlaíonn sé seo trí fhoghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus freagrúil, le páistí ag croílár na taithí oideachasúla.

Aithníonn an curaclam go gcuireann páistí tús lena dturas oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, tugann páistí faoi eispéiris foghlama spraíúla agus shuimiúla a thógann ar an eolas, scileanna, agus meonta atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*[2]. Agus páistí ag déanamh dul chun cinn tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama sa tSraith Shóisearach. Tá turas foghlama éagsúil ag gach páiste, agus mar sin tugann an curaclam neamhspleáchas agus rogha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile agus iad ag tacú le páistí ina bhforbairt iomlánaíoch, rud a chinntíonn go bhfuil cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíochta agus torthaí ann do chách.

[1] An Roinn Oideachais (2023). Creatchuraclam na Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Primary/The-Primary-Curriculum-Framework/

[2] An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ag https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi agus mar threoir do scoileanna agus iad dírithe ar fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile*. Cuireann na prionsabail seo in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Léirítear i dTábla 1 sraith nach bhfuil uileghabhálach de shamplaí de na prionsabail á gcur i ngníomh laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

**Tábla 1:** Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

| Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil |
|---|---|
| **Comhpháirtíochtaí** | • Cuireadh a thabhairt do mhuintir na háite agus/nó do ghrúpaí spéise áitiúla chun cur leis an bhfoghlaim ó thaobh cás-staidéir áitiúla de.<br>• Ag obair go comhoibríoch le staraithe agus tíreolaithe na háite.<br>• Comhpháirtíochtaí a chruthú leis an leabharlann, iarsmalann, ionad oidhreachta chun rochtain a fháil ar acmhainní lena n-áirítear leabhair, ailt, grianghraif, léarscáileanna, déantúsáin, agus bailiúcháin. |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • Tabhairt faoin bhfoghlaim ar scoil agus sa timpeallacht áitiúil lasmuigh lena n-áirítear obair fhiúntach lasmuigh.<br>• Suíomhanna agus foirgnimh is ábhar spéise laistigh den timpeallacht nádúrtha áitiúil agus thógtha a thaiscéaladh ag amanna oiriúnacha i rith na bliana.<br>• Foghlaim na bpáistí a léiriú agus a cheiliúradh m.sh. obair thionscadail, trí thaispeántais, seóthaispeántais agus na meáin dhigiteacha. |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Cultúr a chothú atá bunaithe ar na téamaí foghlama domhanda seo a leanas: Cearta daonna, Daonlathas, Cothroime, ceartas Sóisialta agus Timpeallachta, Forbairt inbhuanaithe.<br>• Spás foghlama sábháilte inrochtana a chruthú d'aistriú gníomhach smaointe, tuairimí agus eolais.<br>• Dúshlán a chur roimh gach steiréitíopa agus míthuiscint fad is atá an ionbhá, meas agus tuairimí difriúla á gcur chun cinn. |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Obair chomhoibríoch a chur chun cinn mar a théann páistí i ngleic le fiosrúcháin agus imscrúduithe stairiúla agus tíreolaíocha.<br>• Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun ábhair churaclaim a roghnú don fhiosrúchán bunaithe ar a gcuid spéiseanna féin, agus eispéiris foghlama shaibhre, spraíúla, mhealltacha a ullmhú a chuireann spéiseanna nua os comhair na bpáistí.<br>• Ag baint leas as réimse cleachtas oideolaíochta agus ag roghnú modhanna páistelárnacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha agus feidhmchláir de réir mar is cuí. |
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Ag breathnú ar agus ag baint úsáid as réimse ábhar measúnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí |

| | |
|---|---|
| | agus eolas a dhéanamh d'fhoghlaim agus do theagasc amach anseo.<br>• Próifílí curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil a úsáid chun measúnú agus taifead a dhéanamh ar ghnóthachtálacha le linn a bheith ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe.<br>• Leas a bhaint as sonraí measúnaithe mar bhonn eolais chun eispéiris foghlama amach anseo laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil a mhúnlú agus a threorú. |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • Ag tosú le topaic(í) c(h)uraclaim c(h)omhtháite san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil i gCéim 1 agus 2 chun bunchloch eolais a thógáil agus ansin ag filleadh ar thopaic(í) an churaclaim i gCéim 3 agus 4 chun tuilleadh a chur leis an eolas seo.<br>• Ag tógáil ar agus ag cur le réamheolas ar thopaic(í) c(h)uraclaim ar bhealaí bríocha chun an fhoghlaim a neartú agus a threisiú.<br>• A chinntiú go bhfiosraítear réimse leathan iomlánaíoch topaicí curaclaim thar Chéim 1– 4. |
| **Caidrimh** | • Cuireadh a thabhairt do pháistí chun scéalta a roinnt faoi ghnéithe dá gceantar agus dá bpobal.<br>• Comhoibriú le muintir na háite chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim maidir le stair phearsanta, teaghlaigh agus na háite.<br>• Caidrimh mheasúla comhbhácha a chothú i leith daoine ó chúlraí difriúla éagsúla, an domhain nádúrtha, agus nithe beo eile. |
| **Oideolaíocht** | • Úsáid a bhaint as réimse cleachtas oideolaíochta agus an spraíúlacht a chur chun cinn.<br>• Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun tabhairt faoi eispéiris foghlama shaibhre taobh amuigh.<br>• Uirlisí digiteacha a nascadh (mar shampla turais allamuigh fhíorúla, cuir i láthair ilmheánacha nó ionsamhlóirí eile ar líne) chun feabhas a chur ar thuiscint na bpáistí ar eachtraí stairiúla nó ar choincheapa tíreolaíochta. |

## Eispéiris foghlama na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Is éard atá i gceist leis an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ná staidéar ar chomhthéacsanna timpeallachta, cultúrtha, reiligiúnacha, eacnamaíocha, polaitiúla. Tá béim stairiúil, thíreolaíoch, chomhaimseartha ag an réimse foghlama seo, idir chomhthéacsanna pearsanta agus chomhthéacsanna domhanda, agus cuimhnítear ann ar na dúshláin a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí. Tá ról tábhachtach aige maidir le tacú le páistí tuiscint a fháil ar cheisteanna áitiúla agus domhanda, agus a gcumas a thógáil le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, eolacha, chumhachtaithe, a bhfuil meas acu ar an domhan mórthimpeall orthu. Trína bhfoghlaim sa réimse curaclaim seo, forbraíonn páistí tuiscint ar chórais an domhain ina maireann siad, aithníonn siad a róil agus a bhfreagrachtaí mar chosantóirí an phláinéid seo agus spreagtar iad le páirt a ghlacadh sa tsochaí ar bhealach cóir atruach.

## Achoimre ar churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

Cuireann na codanna tosaigh de Churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus Gnéithe, agus Torthaí Foghlama i láthair. I

gCaibidil 6 tá treoir maidir leis an gcuraclam i gcleachtas, agus tugtar léargas ar Thacar Uirlisí an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil agus gluais téarmaí sna caibidlí deireanacha.

Tacaíonn na hUirlisí Úsáide Ar Líne d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil leis an réimse curaclaim. Tá réimse tacaíochtaí ann do chur i bhfeidhm an churaclaim, amhail ábhair thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí.




**Fíor 1:** Ábhar churaclam bunscoile an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

## 2. Réasúnaíocht

Cuireann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil feabhas ar thuiscint iomlánaíoch na bpáistí ar na gnéithe stairiúla, tíreolaíocha agus sochaí den saol atá fite fuaite ina chéile. Cothaítear a bhfeasacht dhomhanda agus a meas cultúrtha trí éascaíocht a dhéanamh ar fhiosrú na gceisteanna áitiúla, náisiúnta, domhanda, tuiscint a chur chun cinn ar na heispéiris éagsúla, na cultúir, na traidisiúin, na luachanna, na reiligiúin, na creidimh, na cruinneshamhlacha agus na timpeallachtaí thar amanna agus áiteanna difriúla.

Cuireann an réimse curaclaim seo tuiscint chun cinn ar idirspleáchas agus idirghaolmhaireacht na ngníomhaíochtaí nádúrtha agus daonna, na gcóras, agus na dtimpeallachtaí i dtréimhsí difriúla na staire, san am i láthair, agus don todhchaí. Ullmhaítear na páistí le peirspictíocht chriticiúil, ag cur ar a gcumas ciall a bhaint as, tuiscint a fháil ar, agus teagmháil a dhéanamh le daoine agus le háiteanna mórthimpeall orthu agus sa chomhthéacs domhanda níos leithne.

Curaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil:

- **Cuireann sé le forbairt na bpáistí mar shaoránaigh ghníomhacha**

Cabhraíonn an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil le heolas, tuiscint, scileanna, dearcthaí, meonta agus luachanna a thabhairt do pháistí a chuireann ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina bpobail agus sa domhan mór mar bhaill eolacha, urramacha, mheasúla agus thuisceanacha den tsochaí éagsúil dhaonlathach. Cabhraíonn sé le forbairt feasachta agus tuisceana ar phríomhcheisteanna, san am atá caite agus san am i láthair, a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí. Cuireann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo ar chumas na bpáistí gníomhú go cóir, ar bhealach inbhuanaithe, agus le meas ar chearta daoine eile, ag freagairt go fiúntach ar na ceisteanna seo, ar bhealach truachroíoch dearfach.

- **Cuirtear smaointeoireacht chriticiúil an pháiste chun cinn**

Spreagann an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil páistí chun ceisteanna a chur faoin domhan stairiúil tíreolaíoch mórthimpeall orthu. Cuireann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo deiseanna ar fáil do pháistí anailís a dhéanamh ar, ciall a bhaint as agus critíc a dhéanamh ar réimse fianaise i bhformáidí éagsúla, ag tabhairt aghaidh ar mhachnamh maidir le gníomhartha daonna san am atá thart agus san am i láthair, agus ag iniúchadh na gcúiseanna do agus impleachtaí na ngníomhartha seo.

- **Aithnítear agus léirítear meas ar an éagsúlacht shaibhir laistigh den domhan**

Cabhraíonn an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil le páistí teacht ar a n-oidhreacht féin agus ar oidhreacht daoine eile agus í a fhiosrú. Cuirtear le tuiscint agus feasacht na bpáistí ar an gcultúr agus ar an bhféiniúlacht dhaonna trí fhoghlaim faoi dhaoine eile agus a gcreidimh, a gcruinneshamhlacha, a gcultúir, a gcórais, a bhféiniúlachtaí, agus a dtraidisiúin in amanna, áiteanna agus cúinsí difriúla. Cuireann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo le hidirghníomhaíocht na bpáistí lena bpiaraí agus le baill de phobal na scoile chun a gcuid smaointe a chur in iúl, ag cur ar a gcumas feasacht a fhorbairt maidir le conas breathnú ar, éisteacht le agus meas a léiriú ar thuairimí daoine eile.

- **Spreagtar fiosracht agus iontas nádúrtha na bpáistí**

Téann an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil i gcion go díreach ar fhiosracht, meon oscailte agus iontas na bpáistí, ag spreagadh dúspéise sa domhan ina maireann siad. Trí iniúchadh a dhéanamh ar an domhan seo, a dhaoine, a áiteanna, anois agus san am atá caite, músclaíonn an réimse curaclaim seo spéis a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí ar feadh a saoil. Trí chur chuige comhtháite, leis an bhfiosrúchán mar chuid lárnach de, tugann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo deiseanna ar fáil do pháistí chun a dtimpeallachtaí a iniúchadh trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí teagmhálacha atá nasctha le comhthéacsanna dílse, san fhíorshaol, agus leis an taithí atá acu go dtí seo ar domhan.

- **Tacaítear le todhchaí inbhuanaithe**

Tá ról lárnach ag an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil maidir le todhchaí inbhuanaithe a chruthú trí fhorbairt bhraistint aonair agus choiteann na bpáistí i dtaca le maoirseacht agus freagracht timpeallachta. Cothaítear cumas agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal domhanda, trí eispéiris foghlama sa réimse curaclaim seo, dá réir sin cothaítear a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chruthú. Tugann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo an t-am agus an spás do pháistí chun caidreamh agus teagmháil fhiúntach a dhéanamh leis an domhan nádúrtha mórthimpeall orthu agus léirthuiscint a bheith acu ar a luach agus a bhfreagrachtaí mar chaomhnóirí air.

**Stair laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil**

Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, baineann ról na Staire le fiosrú na taithí daonna le himeacht aimsire agus conas a mhúnlaigh daoine, fórsaí, forbairtí teicneolaíochta, agus eachtraí an domhan ina mairimid. Trí cheisteanna a chur, cumarsáid a dhéanamh agus; tuiscint agus nascadh le chéile, foghlaimíonn páistí conas smaoineamh go criticiúil, ceisteanna dílse a chur agus fianaise stairiúil a iniúchadh i réimse formáidí. Bíonn meas acu de réir a chéile ar an gcomhthéacs stairiúil agus cuimhníonn siad ar pheirspictíochtaí éagsúla, ag fáil tuiscint níos doimhne ar idirghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, polaitiúla, eacnamaíocha an ama atá thart agus an ama i láthair. Cuireann *'Ag obair mar Staraí'* forbairt na scileanna stairiúla chun cinn, chomh maith le tuiscint ar choincheapa stairiúla (féach Aguisín 1) agus cothaíonn sé meon dearfach i leith na Staire.

**Tíreolaíocht laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil**

Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, baineann ról na Tíreolaíochta le staidéar ar an Domhan agus níos faide siar, a áitritheoirí, agus a n-idirghníomhaíochtaí i gcomhthéacs na háite, an spáis agus na timpeallachta. Fiosraítear timpeallachtaí daonna agus nádúrtha, a ngnéithe, a ndáiltí, agus na próisis a mhúnlaigh iad, idir dhaonna agus fhisiciúil. Trí cheisteanna a chur, cumarsáid a dhéanamh agus; tuiscint agus nascadh le chéile, cabhraíonn an Tíreolaíocht le páistí tuiscint a fháil ar a dtimpeallacht, idir áitiúil agus dhomhanda, ag cur feasacht chun cinn ar dhaoine, áiteanna, agus a naisc. Cuireann *'Ag obair mar Thíreolaí'* forbairt na scileanna tíreolaíocha chun cinn, chomh maith le tuiscint ar choincheapa tíreolaíocha (féach Aguisín 1) agus cothaíonn sé meon dearfach i leith na Tíreolaíochta.

## 3. Aidhmeanna

Bunaithe ar na smaointe don fhoghlaim dhomhanda lena n-áirítear cearta daonna, an daonlathas, cothroime, ceartas sóisialta agus forbairt inbhuanaithe, is iad seo a leanas cuspóirí an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil:

- **Nascadh le feasacht, samhlaíocht, agus iontas nádúrtha na bpáistí.**

Deiseanna a thabhairt do pháistí chun am a chaitheamh taobh amuigh ag cur ceisteanna, ag idirghníomhú, agus ag fiosrú ina gceantar áitiúil.

- **An tsaoránacht dhomhanda a chur chun cinn.**

Cabhrú le braistint idircheangailteachta a chothú leis an domhan trí chultúir éagsúla, timpeallachtaí agus ceisteanna domhanda a fhiosrú.

- **Feasacht dhomhanda agus chultúrtha a chothú.**

Páistí a spreagadh chun pobail éagsúla, cultúir agus cruinneshamhlacha a fhiosrú thar thréimhsí stairiúla difriúla, ag cur measa chun cinn ar chastachtaí na staire daonna.

- **An smaointeoireacht chriticiúil agus an rannpháirteachas gníomhach a chothú.**

Páistí a threalmhú leis na scileanna chun ceisteanna a chur agus daoine, áiteanna agus córais thart timpeall orthu agus sa domhan níos leithne a fhiosrú, breithiúnais eolacha a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú na sochaí córa, ionchuimsithí.

- **Tá sé tábhachtach cumas páistí a fhorbairt chun anailís, léirmhíniú agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh.**

Deiseanna a thabhairt do pháistí chun anailís, léirmhíniú, agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar fhianaise agus ar fhoinsí chun tuiscint níos doimhne a fháil ar ár ndomhan, mar a bhí agus mar atá.

- **Feasacht thíreolaíoch na bpáistí a fhorbairt.**

Tuiscint a chothú ar thírdhreacha fisiciúla agus daonna an Domhain, ag cur ar chumas na bpáistí anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar phátrúin spáis agus an tábhacht a bhaineann leo.

- **Scileanna a bhaineann le réiteach fadhbanna agus scileanna anailíseacha a fheabhsú.**

Páistí a chumasú chun an t-am i láthair agus todhchaí níos inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, na sochaí agus na heacnamaíochta de a chur chun cinn.

- **Foghlaim faoi, fiosrú, agus meas a léiriú ar thaithí saoil na bpáistí féin agus daoine eile.**

Tuiscint a léiriú ar thraidisiúin, cultúir, reiligiúin, creidimh, cruinneshamhlacha agus oidhreachtaí difriúla i dtréimhsí, áiteanna agus cúinsí difriúla.

# 4. Snáitheanna agus Gnéithe

## Snáitheanna

Tugtar achoimre sna snáitheanna ar phríomhchatagóirí na foghlama san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil thar thrí réimse nó réimse ábhair:

- Daoine, Áit agus Spás
- An tImshaol agus an Mhaireachtáil Inbhuanaithe
- Ár nDomhan a Fhiosrú.





**Fíor 2:** Snáitheanna de Churaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

## Gnéithe

Déantar cur síos leis na gnéithe ar na príomhchatagóirí de phróisis (an chaoi a bhfoghlaimíonn páistí) a mbíonn páistí ag plé leo agus iad ag foghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Tá na gnéithe seo, atá dinimiciúil agus comhlántach, ina gcuid lárnach d'fhorbairt mheas agus thuiscint na bpáistí ar an domhan ina maireann siad, lena n-áirítear: ceisteanna a chur; cumarsáid a dhéanamh; agus tuiscint a léiriú agus nascadh a dhéanamh.

**Tábla 2:** Gnéithe de Churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

| Gné | Cur síos |
|---|---|
| **Fiosrú**  | Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, is gné riachtanach in obair an staraí agus an tíreolaí é ceisteanna a chur. Tríd an ngné a bhaineann le ceisteanna a chur, bailíonn na páistí eolas, lorgaíonn siad soiléiriú, agus fiosraíonn siad ábhar nó ceist go mion.<br><br>Baineann an fhoghlaim trí cheisteanna a chur san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil leas as braistint iontais nádúrtha na bpáistí, á spreagadh chun ceisteanna a chur faoi agus machnamh a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu. Cuirtear le rannpháirteachas na bpáistí le foinsí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn sa bhunscoil, agus cuimhníonn siad ar fhianaise trí lionsa níos criticiúla, ag measúnú a hiontaofachta agus a tábhachta, agus ag léiriú feasacht ar chlaontacht fhéideartha.<br><br>Trí fhiosrú a dhéanamh, bíonn teagmháil ag páistí le tuairimí, cultúir agus comhthéacsanna difriúla a chabhraíonn leis ionbhá, tuiscint chultúrtha agus |

| | |
|---|---|
| | meas ar éagsúlacht na taithí daonna a chothú. Fiosraíonn páistí bunchúiseanna agus iarmhairtí na n-eachtraí stairiúla nó déanann siad staidéar ar chastachtaí na bpatrún tíreolaíoch. |
| **Cumarsáid**<br> | Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, is gné riachtanach in obair an staraí agus an tíreolaí é cumarsáid a dhéanamh. Agus páistí ag tabhairt aghaidh ar an bhfiosrúchán agus ar an mionstaidéar, roinneann siad smaointe agus an méid a aimsíonn siad lena bpiaraí, lena múinteoirí, agus le daoine eile laistigh den phobal scoile trí réimse foirmeacha cumarsáide.<br><br>Cuireann tógáil agus cothú na gcaidreamh comhbhách laistigh den phobal scoile agus taobh amuigh de a thacaíonn leis an gcumarsáid dhá bhealach deiseanna ar fáil do pháistí chun éisteacht le agus freagra a thabhairt ar scéalta agus ar thuairimí daoine eile. Is féidir le rannpháirteachas diongbháilte agus cumarsáid le staraithe agus tíreolaithe na háite (agus le muintir eile na háite a bhfuil an t-eolas agus an taithí acu a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an bhfoghlaim) tionchar dearfach a imirt ar rannpháirteachas, inspreagadh agus foghlaim na bpáistí. |
| **Tuiscint agus Ceangal**<br> | Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, is gné riachtanach in obair an staraí agus an tíreolaí naisc a chruthú idir áiteanna agus daoine sa phobal áitiúil agus sa domhan níos leithne, agus idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair. Le linn phróiseas na tuisceana agus an nasctha, spreagtar páistí chun ceisteanna a chur, smaoineamh go criticiúil, agus machnamh a dhéanamh.<br><br>Ag tógáil ar thaithí foghlama sa réamhscoil agus sa timpeallacht bhaile, is féidir leis an bhfoghlaim spraíúil spreagúil sa bhunscoil deiseanna a thabhairt chun tuiscintí a nascadh le comhthéacsanna san fhíorshaol a bhfuil cur amach ag na páistí orthu agus chun ciall a bhaint as eachtraí, córais agus próisis sa domhan mór.<br><br>Cothaítear nasc leis an nádúr trí thaithí dhíreach leis an timpeallacht nádúrtha nuair a fhoghlaimítear taobh amuigh agus tacaítear leis na páistí tuiscint agus feasacht a fhorbairt ar a róil agus a bhfreagrachtaí maidir leis an domhan nádúrtha a fheabhsú agus a chosaint. |

# 5. Torthaí Foghlama

Úsáidtear Torthaí Foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt mhatamaiticiúil le haghaidh gach foghlaimeora ag deireadh tréimhse dhá bhliain, nuair a chuirtear cumais indibhidiúla na bpáistí agus na cúinsí éagsúla san áireamh. Léiríonn siad smaointe móra thar chéimeanna éagsúla, agus cuimsíonn siad an t-eolas, na scileanna, agus meonta a fhorbraíonn páistí laistigh de réimse curaclaim ar leith.


Tá Torthaí Foghlama an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil leathan chun tacú le foghlaim iomlánaíoch na bpáistí agus a chur ar chumas na múinteoirí gníomhú a úsáid, nuair a bhíonn eispéiris shaibhre foghlama á n-ullmhú agus á n-éascú acu trí chuir chuige spraíúla mhealltacha. Tá Torthaí Foghlama Chéim 1 agus 2 comhtháite go hiomlán, ag aithint aoiseanna agus chéimeanna na bpáistí óga agus ag cur bunchloch thábhachtach ar fáil d'inneachar a bhaineann go sonrach le hábhar scoile sna ranganna sinsearacha. Tugtar breac-chuntas i dTábla 7 (leathanaigh 17 agus 18) ar Thorthaí Foghlama Chéim 1 agus 2.

Ag tógáil ar Chéim 1 agus 2, tugtar breac-chuntas i dTorthaí Foghlama Chéim 3 agus 4 ar dhearcthaí, coincheapa, meonta, scileanna agus luachanna stairiúla agus tíreolaíocha ar leith chun feasacht mhéadaithe na bpáistí a léiriú ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú, agus ag an am céanna ag leanúint de dheiseanna tábhachtacha a chur ar fáil don fhoghlaim agus don teagasc ar bhealach comhtháite. Is féidir Torthaí Foghlama Chéim 3 agus 4 a fheiceáil i dTábla 8 (leathanaigh 20, 21, 22, agus 23).

Tá coincheapa *'Ag obair mar Staraí'* agus *'Ag obair mar Thíreolaí'* (Féach Aguisín 1) mar bhonn faoi fhoghlaim na bpáistí sa réimse curaclaim seo agus tá siad le fáil sna Torthaí Foghlama uilig ó Chéim 1 go 4. Léirítear an tábhacht a bhaineann leis an spraoi agus leis an spraíúlacht do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta trí ionchuimsiú na fréimhe *'Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann…'* thar Chéim 1 go 4.

## Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht (féach Fíor 3) i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas oideachais luathóige le *hAistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil agus an tSraith Shóisearach ar bun acu. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i gcuraclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil agus ag tabhairt faoi eispéiris foghlama luachmhara, tógann siad agus forbraíonn siad na seacht bpríomhinniúlacht go comhuaineach.




**Fíor 3:** Príomhinniúlachtaí

**Tábla 3:** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Tabhairt faoi fhiosrúchán chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar fhianaise, ag cur tuiscint chriticiúil ar an domhan ina mairimid chun cinn.<br>• Ag cur le cinnteoireacht eolasach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ar leith agus/nó deiseanna sa phobal, ag cur ar chumas na bpáistí cur go gníomhach le hathrú dearfach ag leibhéal áitiúil agus domhanda. |
| **A bheith cruthaitheach** | • Foinsí a scrúdú le fiosracht agus go criticiúil, ó pheirspictíochtaí éagsúla, ag baint leas as a mbraistint iontais nádúrtha.<br>• Páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama rannpháirtíocha spraíúla, ag tabhairt freagra cruthaitheach ar scéalta maidir le heachtraí stairiúla, fionnachtana tíreolaíocha. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun dul i ngleic le fianaise agus sonraí a thugann léargais ar eachtraí san am atá thart agus ar eachtraí reatha.<br>• Acmhainní ilmheánacha (mar shampla físeáin, scannáin faisnéise, léarscáileanna idirghníomhacha, Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus VR/AR) a ionchorprú sna heispéiris foghlama agus ábhar físiúil/ fuaime/ fíorúil a chruthú a bhaineann le fiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch. |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Garspriocanna a chur in ord agus a thaifeadadh ina saolta féin agus i bpríomheachtraí stairiúla.<br>• Faisnéis agus sonraí ó réimse foinsí fianaise agus léarscáileanna a léirmhíniú, a phróiseáil agus a anailísiú, agus an fheasacht ar spásúlacht a chur i bhfeidhm sa rannpháirteachas le hobair allamuigh (m.sh. achair a clúdaíodh a thomhas agus patrúin agus treochtaí a shainaithint). |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • Gníomhú mar chosantóirí an phláinéid seo chun freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le haire a thabhairt don timpeallacht agus an domhan nádúrtha a chaomhnú.<br>• Feasacht a léiriú ar chultúir, creidimh, traidisiúin, agus cruinneshamhlacha difriúla ón am atá caite agus ón am i láthair, ag cur na huileghabhálachta agus an mheasa chun cinn i gcaidrimh le daoine eile. |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | • Páirt a ghlacadh sa scéalaíocht, éisteacht le scéalta daoine eile faoi eachtraí agus faoi eispéiris le himeacht aimsire agus breithiúnais a thabhairt bunaithe ar an bhfianaise a measadh.<br>• Ábhair a léamh agus a léirmhíniú mar shampla téacsanna stairiúla, léarscáileanna, nó déantúsáin chultúrtha, naisc a aimsiú idir na foinsí éagsúla, agus na torthaí a chur i láthair i réimse formáidí. |
| **A bheith slán** | • Am fiúntach a chaitheamh amuigh faoin aer, ag léiriú measa ar áilleacht an domhain nádúrtha agus ag léiriú geana ar dhaoine, áiteanna agus spásanna ina dtimpeallacht.<br>• Scéalta a roinnt agus tuairimí a chur in iúl agus samplaí a thabhairt de ghnásanna agus de thraidisiúin i spás sábháilte. |

Déantar na príomhinniúlachtaí a shainaithint ag baint úsáid as túslitreacha (faoi mar atá leagtha amach i dTábla 4 thíos), díreach i ndiaidh gach Toraidh Foghlama. I ngach cás, sainaithnítear na trí

phríomhinniúlacht is ábhartha don Toradh Foghlama. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 4:** Príomhinniúlachtaí a sainaithníodh laistigh na dTorthaí Foghlama

| Príomhinniúlacht | Túslitreacha |
|---|---|
| A bheith slán | S |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | FD |
| A bheith matamaiticiúil | M |
| A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | CT |
| A bheith cruthaitheach | C |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | FG |
| A bheith i do shaoránach gníomhach | SG |

## Coincheapa agus scileanna

Tá na coincheapa agus na scileanna a ghabhann le *'Ag Obair mar Thíreolaí'* agus *'Ag Obair mar Staraí'* ina gcuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Cosúil leis na Príomhinniúlachtaí, tá ról ríthábhachtach acu maidir le bonn a chur faoi na Torthaí Foghlama i ngach céim den churaclam. D'fhéadfadh na scileanna agus coincheapa pointí tagartha agus iontrála a chur ar fáil maidir le pleanáil, teagasc agus measúnú, agus d'fhéadfaidís faisnéis thábhachtach a chur i gcuimhne do mhúinteoirí ag gach céim.

Sainaithnítear na coincheapa i dTábla 5 agus sainaithnítear na scileanna a ghabhann le *'Ag Obair mar Thíreolaí' agus 'Ag Obair mar Staraí'* i dTábla 6 a ndéantar cur síos níos cruinne orthu in Aguisín 1.

**Tábla 5:** Coincheapa laistigh de na Torthaí Foghlama

| | **Coincheapa** |
|---|---|
| **Coiteann** | Comhbhá |
| | Níos mó ná peirspictíocht amháin |
| **Stairiúil** | Am agus cróineolaíocht |
| | Cúis agus éifeacht |
| | Athrú agus leanúnachas |
| **Tíreolaíoch** | Braistint áite |
| | Braistint spáis |
| | Braistint comhshaoil agus inbhuanaitheachta |

**Tábla 6:** Scileanna laistigh de na Torthaí Foghlama

| | **Scileanna** |
|---|---|
| **Coiteann** | Ag baint úsáid as fianaise agus foinsí |
| | Léirmhíniú agus anailísiú |
| | Measúnú agus cinnteoireacht |
| | Cumarsáid |
| | Ceisteanna |
| **Stairiúil** | Smaointeoireacht stairiúil |
| | Smaointeoireacht chróineolaíoch |
| | Fianaise stairiúil a úsáid |
| **Tíreolaíoch** | Mapáil / Grafacht |
| | Léirmhíniú físiúil agus cumarsáid |

**Tábla 7:** Torthaí Foghlama do Chéim 1 agus 2

| Snáithe | Céim 1: **Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha** | Céim 2: **Rang a haon agus a dó** |
|---|---|---|
| ***Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann:*** | | |
| **Daoine, Áit agus Spás** | A n-áit ina dteaghlach agus ina bpobal áitiúil a shainaithint agus feasacht a léiriú ar róil agus ar fhreagrachtaí agus ar conas a athraíonn róil na ndaoine le himeacht aimsire. *SG, S, FG* | Roinnt gnéithe den idircheangailteacht idir daoine agus gnéithe nádúrtha agus tógtha den timpeallacht áitiúil a fhiosrú, ag rianú caidrimh stairiúla thábhachtacha agus ag iniúchadh athruithe le himeacht aimsire. *FG, C, M* |
| | Dul i dtaithí ar ghnéithe dá n-oidhreacht áitiúil, agus na cleachtais chultúrtha, gnásanna, traidisiúin, reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha agus ceiliúradh /ócáidí ina gceantar áitiúil. *FG, SG* | Machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe dá n-oidhreacht áitiúil agus conas a chaomhnaíonn siad naisc chuig an am atá caite, ag iniúchadh gnásanna, traidisiún, reiligiún, creideamh agus cruinneshamhlacha ina gceantar áitiúil. *FG, SG* |
| **An Comhshaol agus an Mhaireachtáil Inbhuanaithe** | Nascadh leis an dúlra agus leis an saol amuigh faoin aer, ag taiscéaladh an domhain nádúrtha mórthimpeall orthu agus ag aithint an róil atá acu maidir le haire a thabhairt dó. *SG, C, S.* | An tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar a dtimpeallacht a aithint do na glúnta atá le teacht, agus bealaí a shainaithint inar féidir leo cur le caomhnú agus feabhsú an domhain nádúrtha. *SG, S* |
| | Gnéithe den tírdhreach áitiúil a thabhairt faoi deara agus meas a léiriú orthu, monatóireacht a dhéanamh ar athruithe a tharlaíonn ó shéasúr go séasúr. *SG, C, M* | Réimsí dálaí aimsire a iniúchadh mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar na timpeallachtaí áitiúla nádúrtha agus tógtha le himeacht aimsire. *FG, M, SG* |
| | Nithe beo a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu sa cheantar áitiúil, ag aithint na tábhachta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint do thodhchaí inbhuanaithe. *SG, C, CT* | An bhithéagsúlacht a iniúchadh laistigh den timpeallacht áitiúil nádúrtha, ag cuardach athruithe a tharla agus a bheith réidh i gcomhair athruithe a d'fhéadfadh tarlú amach anseo mar gheall ar phróisis nádúrtha agus/nó ar ghníomhartha an duine. *FG, M* |

| | | |
|---|---|---|
| **Ár nDomhan a Fhiosrú** | Éist le, bain sult as, agus tabhair freagra ar scéalta ó nó faoina gceantar.<br>*SG, FG. C* | Aghaidh a thabhairt ar réimse leathan scéalta, ag cuimhneamh ar pheirspictíochtaí difriúla, ag léiriú an chumais eachtraí a bhfuil cur amach acu orthu a chur in ord cróineolaíoch.<br>*C, CT, M* |
| | Bealaí a aithint inar athraigh an teicneolaíocht an chaoi a maireann daoine agus a n-oibríonn siad sa bhaile agus ina gceantar.<br>*C, CT, FD* | Tionchar na teicneolaíochta ar an gcaoi a maireann agus a n-oibríonn daoine inár sochaí a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar shaol na ndaoine san am atá thart chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a dtuiscint gur mhair daoine ar bhealach difriúil sna glúnta a tháinig romhainn.<br>*FG, CT, FD.* |
| | Taithí a fháil ar réimse leathan foinsí, déantúsán, agus spreagthaí ag baint úsáid as nathanna oiriúnacha chun cur síos a dhéanamh ar threo, suíomh agus chun ord na n-eachtraí a thaifeadadh.<br>*CT, C, M* | Réimsí foinsí a iniúchadh a thagann ó fhaisnéis thábhachtach, faisnéis a bhailiú agus ciall a bhaint aisti, áiteanna a aimsiú agus gnéithe tábhachtacha ar léarscáileanna, agus príomhshonraí a chur i láthair ag baint úsáid as stór focal agus meáin atá oiriúnach.<br>*FD, CT, M* |

**Tábla 8:** Torthaí Foghlama do Chéim 3 agus 4

| Snáithe | Céim 3: **Rang a trí agus a ceathair** | Céim 4: **Rang a cúig agus a sé** |
|---|---|---|
| ***Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann:*** | | |
| Daoine, Áit agus Spás | **Stair**<br>Gnéithe de scéal a gceantair a iniúchadh mar aon le háiteanna eile, ag aithint suíomhanna stairiúla ar ábhar spéise iad agus príomheachtraí agus forbairtí.<br>*FG, CT* | **Stair**<br>Tuiscint a léiriú ar na hathruithe i gcóras polaitíochta na hÉireann agus i bpríomhinstitiúidí an rialtais le himeacht aimsire agus an tionchar atá acu ar an am i láthair.<br>*SG, FG* |
| | **Comhtháite**<br>Feasacht a fhorbairt agus meas a chothú ar shaibhreas na nathanna agus na dtraidisiún cultúrtha, eitneach, agus reiligiúnach, ag fáil taithí ar réimse leathan féilte, searmanas agus ceiliúradh.<br>*SG, CT, S* | **Comhtháite**<br>Traidisiúin chultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha dhifriúla a iniúchadh agus tuiscint a fhorbairt ar conas a chuir reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha difriúla le pobail, cultúr agus oidhreacht le himeacht aimsire, agus a dtionchar orthu.<br>*SG, CT, S* |
| | **Tíreolaíocht**<br>Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir saol na bpáistí in Éirinn le saol na bpáistí i gcomhthéacsanna réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda eile, ag cothú bhraistint na féiniúlachta agus an mhuintearais mar shaoránaigh dhomhanda.<br>*SG, CT, S* | **Tíreolaíocht**<br>Turais daoine, na heachtraí agus na cúiseanna le gluaiseacht a iniúchadh, chomh maith le héifeacht agus tionchar na gluaiseachta ar dhaoine agus ar áiteanna.<br>*SG, CT, S* |
| | **Tíreolaíocht**<br>Tuiscint a fhorbairt ar theorainneacha áiteanna (mar shampla contaetha/réigiúin/tíortha), agus conas a leagann teorainneacha áiteanna amach agus conas a chuireann siad srian orthu, ar ghluaiseacht na daoine, nithe beo agus trádáil.<br>*SG, M, FD* | **Tíreolaíocht**<br>An idirghaolmhaireacht idir timpeallacht an duine agus an timpeallacht nádúrtha a shainaithint agus a iniúchadh maidir le húsáid acmhainní, iompar, bonneagar, fostaíocht, fóillíocht, agus trádáil.<br>*SG, CT, FD* |

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhshaol agus an Mhaireachtáil Inbhuanaithe** | **Tíreolaíocht**<br>Gnéithe fisiciúla agus córais mhaireachtála na dtimpeallachtaí nádúrtha in Éirinn, san Eoraip, agus sa domhan mór a shainaithint agus a chur i gcomparáid lena chéile.<br>*SG, FG, CT* | **Tíreolaíocht**<br>Measúnú a dhéanamh ar shamplaí d'athruithe i dtimpeallachtaí nádúrtha na hÉireann, na hEorpa agus an domhain mhóir a tharla mar gheall ar phróisis fhisiciúla agus gníomhaíocht an duine, agus gníomhartha féideartha a fháil amach chun tacú le hathrú dearfach sa timpeallacht.<br>*SG, FG, S* |
| | **Tíreolaíocht**<br>Iniúchadh a dhéanamh ar eachtraí aimsire, cúiseanna agus iarmhairtí na hadhaimsire ar thimpeallachtaí an duine agus timpeallachtaí nádúrtha a shainaithint.<br>*FG, FD, M* | **Tíreolaíocht**<br>Anailís a dhéanamh ar phatrúin aimsire agus aeráide, ag idirdhealú idir eachtraí aimsire gearrthéarmacha agus treochtaí aeráide fadtéarmacha agus cúiseanna a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar an athrú aeráide agus a dtionchar ar thimpeallachtaí an duine, ar thimpeallachtaí nádúrtha agus ar an saol laethúil.<br>*FG, FD, M* |
| | **Tíreolaíocht**<br>Suíomh an domhain a shainaithint mar chuid de ghrianchóras níos leithne, ag sainaithint reanna sa spás amhail an ghrian agus an ghealach, mar aon leis an tábhacht a bhaineann leo don domhan agus a dtionchar air.<br>*FG, C, M* | **Tíreolaíocht**<br>Gnéithe den idirghaolmhaireacht idir an domhan agus reanna eile sa spás a scrúdú maidir le dálaí atmaisféaracha, athrú aeráide agus patrúin aimsire.<br>*C, FD, M* |
| **Ár nDomhan a Fhiosrú** | **Stair**<br>Patrúin an athraithe a aithint thar thréimhsí ama difriúla sna hábhair a roghnaíodh a bhaineann leis an saol, an tsochaí, an obair agus le cultúr an ama atá caite.<br>*C, M* | **Stair**<br>Tréimhsí stairiúla in Éirinn agus níos faide amach a fhiosrú, ar tréimhsí athraithe agus/nó coimhlinte iad, taithí a fháil ar na bunchúiseanna leo agus ar a dtionchar ar shaol laethúil na ndaoine.<br>*FG, C, FD* |
| | **Stair**<br>Gnéithe de shaol na gcéad daoine agus de na sochaithe ársa a iniúchadh, ag scrúdú agus ag tabhairt freagra ar réimse fianaise atá againn a insíonn dúinn faoi na daoine sin.<br>*FG, CT* | **Stair**<br>Gnéithe de shaol na ndaoine san am atá caite a fhiosrú, taithí a fháil ar cheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha na tréimhse sin agus braistint a fhorbairt ar a dtionchar agus a n-oidhreacht i Stair na hÉireann, na hEorpa agus/nó an domhain mhóir.<br>*SG, CT* |

| | | |
|---|---|---|
| | **Stair**<br>Samplaí de bhéaloideas na háite agus náisiúnta a bhailiú, a thaifeadadh agus a roinnt, plé a dhéanamh ar théamaí agus gnéithe comhchoiteanna atá le fáil i miotais agus i bhfinscéalta na hÉireann.<br>*C, CT* | **Stair**<br>Dul i ngleic le, anailís a dhéanamh ar, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar réimse níos leithne de mhiotais agus d'fhinscéalta ó chultúir éagsúla agus ó bhunúis eitneacha éagsúla laistigh d'Éirinn, den Eoraip, agus den domhan mór.<br>*SG, C, CT* |
| | **Stair**<br>Cuimhneamh ar agus freagra a thabhairt ar scéalta na ndaoine a chuir leis an tsochaí trí fhorbairtí eolaíochta, cultúrtha, nó ealaíonta.<br>*C, CT* | **Stair**<br>Scéalta na ndaoine a chuir le forbairtí sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla a scrúdú, braistint dá n-oidhreacht náisiúnta, Eorpach agus/nó dhomhanda a fhorbairt.<br>*C, CT* |

# 6. Curaclam Bunscoile an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil i gCleachtas

Mar atá leagtha amach i gcaibidlí 2 agus 3, déanann bunús agus aidhmeanna churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil cur síos ar fhís nua atá ann don fhoghlaim sa réimse curaclaim seo. Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar ghnéithe riachtanacha d'fhoghlaim na bpáistí laistigh den réimse curaclaim seo, na cleachtais oideolaíochta a chothaíonn agus a shaibhríonn an próiseas foghlama, agus na cuir chuige mheasúnaithe atá ábhartha don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

## 6a. Ag foghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Tá coincheapa *'Ag obair mar Staraí'* agus *'Ag obair mar Thíreolaí'* mar bhonn faoi fhoghlaim na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, atá le fáil síos tríd na Torthaí Foghlama uilig ó Chéim 1 go 4. De réir mar a thugann páistí aghaidh ar a bheith ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe, spreagtar iad chun comhoibriú a dhéanamh le daoine eile, tuairimí a roinnt agus a gcuid smaointe agus argóintí a chur in iúl, ag baint úsáid as teanga oiriúnach agus/nó modhanna cumarsáide oiriúnacha. Trí fhoghlaim spraíúil, spreagthach, ar bhonn fiosraithe agus timpeallachtaí ionchuimsitheacha sóisialta, feabhsaíonn agus beachtaíonn páistí a gcuid smaointeoireachta stairiúla agus tíreolaíocha, a gcuid tuisceana agus a gcuid cumarsáide.

**Ag Obair mar Thíreolaí**
Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, cuireann an coincheap a bhaineann le bheith *'Ag Obair mar Thíreolaí'* le cumas gníomhúcháin an pháiste chomh maith le hoideolaíocht pháistelárnach thógachaíoch. Cuimsíonn sé forbairt agus cur i bhfeidhm an bhuneolais gheografaigh, na scileanna, na coincheap, na meonta, na ndearcthaí agus na luachana, lena n-áirítear an fiosrúchán geografach, atá mar bhonn faoi fhoghlaim na bpáistí sa réimse curaclaim seo. Agus iad *'Ag Obair mar Thíreolaí'*, déanann páistí fiosrú gníomhach ar a dtimpeallachtaí éagsúla, cuireann siad ceisteanna, tugann siad léirmhíniú, agus déanann siad anailís ar réimse leathan fianaise i bhformáidí éagsúla agus téann siad i ngleic le mionstaidéir ina gceantar áitiúil agus sa domhan mór. Ag tógáil ar réamheolas agus ar an bhfiosrú gníomhach atá fréamhaithe ina gceantar, forbraíonn páirtí feasacht chomhshaoil, braistint áite, spáis, agus scála, agus sainaithníonn siad naisc idir na daoine agus na háiteanna ina gceantar áitiúil, pobail eile, agus an domhain mór.

**Ag Obair mar Staraí**
Laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, cuireann an coincheap *'Ag Obair mar Staraí'* cumas gníomhúcháin an pháiste agus oideolaíocht pháisteláraithe thógachaíoch chun cinn, ag cur deiseanna ar fáil do pháistí chun an t-eolas stairiúil, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí, agus na luachanna a bhaineann leis sin a fhorbairt, de réir mar a dhéanann siad staidéar ar shaol na ndaoine san am atá caite trí phróiseas an fhiosrúcháin stairiúil. Nuair a bhíonn páistí *'Ag Obair mar Staraí'* téann siad i ngleic leis an smaoineamh stairiúil, cuireann siad ceisteanna faoi choincheapa stairiúla, agus faigheann siad taithí ar réimse leathan foinsí, ag déanamh anailís ar agus ag baint ciall as fianaise stairiúil ó roinnt peirspictíochtaí chun scéalta stairiúla faoin am atá caite a bhaint óna chéile agus a chur ar ais le chéile. Agus iad ag obair mar staraithe, cuirtear ar chumas na bpáistí an t-am atá caite a iniúchadh ar bhealach gníomhach, rannpháirtíoch. Forbraíonn siad tuiscint ar chúis agus ar thionchar, ar an leanúnachas agus ar an athrú, ar an am agus ar an gcróineolaíocht.

**Gnéithe laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil**

### Fiosrú

Cuireann an fhoghlaim laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil do pháistí chun:

- ceisteanna a chur i gcomhthéacsanna fíorshaoil
- dul i ngleic le taighde agus ciall a bhaint as réimse leathan fianaise i réimse leathan leaganacha amach
- iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh ina gceantar áitiúil
- an domhan mórthimpeall orthu a scrúdú go criticiúil
- comhoibriú le daoine eile chun réimse tuairimí a fháil

### Cumarsáid

Cuireann an fhoghlaim laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil do pháistí chun:

- smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, ag léiriú na dtorthaí go stuama do réimse lucht féachana
- comhoibriú ar bhealach dáiríre chun fadhbanna a réiteach
- éisteacht le smaointe agus tuairimí daoine eile
- teanga / modhanna cumarsáide cuí a úsáid chun smaointe a chur in iúl
- a smaointe a chosaint trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise

### Tuiscint agus ceangal

Cuireann an fhoghlaim laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil do pháistí chun:

- cosúlachtaí le téamaí/ábhair eile a aithint
- a gcuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm ar réimse leathan comhthéacsanna
- naisc a chruthú idir an timpeallacht mháguaird agus an domhan mór
- naisc a aithint idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair
- tuiscint agus feasacht a fhorbairt ar chúis agus ar thionchar

## Ag tacú le gach páiste

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna aige atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha ionchuimsitheacha, go háirithe do na páistí siúd ag a bhfuil riachtanais bhreise. Tá Conairí Tacaíochta Breise (CTB) ina gcabhair chun na heispéiris foghlama is feiliúnaí a shainaithint do na páistí le linn dóibh a bheith rannpháirteach i dTorthaí Foghlama sa churaclam. Agus úsáid á baint ag na múinteoirí as na conairí, is féidir machnamh a dhéanamh ar an eispéireas foghlama ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do na páistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo taithí a fháil ar rudaí, freastal ar rudaí, freagairtí do rudaí, tús a chur le rudaí, seilbh a fháil ar rudaí agus is féidir leo éirí líofa agus a bheith ag ginearálú. Déantar cur síos níos cruinne air sin i dTábla 9.

**Tábla 9:** Conairí Tacaíochta Breise

| Conairí Tacaíochta Breise | An páiste... |
|---|---|
| **Taithí a fháil** | bíonn sé i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Nochtar é don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn sé feasach uirthi. Bíonn sé ag dul i dtaithí ar na timpeallachtaí foghlama, m.sh., réada, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile. |
| **Aird a thabhairt** | tugann sé aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá sé tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. |
| **Freagairt** | taispeánann sé go bhfuil sé in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé ag cur in iúl céard is maith leis, céard nach maith leis nó céard is fearr leis. Freagraíonn sé go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. |
| **Tús a chur le rudaí** | bíonn sé fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. |
| **Sealbhú** | taispeánann sé go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé an fhoghlaim agus glacann sé páirt inti. |
| **Ag Éirí Líofa** | gluaiseann sé i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige orthu. Taispeánann sé go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh. |
| **Ginearálú** | aistríonn sé scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. |


## 6b. Ag teagasc san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Tá *'an chaoi'* a bhfoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le *'céard'* a fhoghlaimíonn siad san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Tá na cleachtais oideolaíochta seo a leanas bunaithe ar thaighde agus aithnítear iad mar réamhriachtanais don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ar ardchaighdeán sa réimse curaclaim. Ailínithe le prionsabail *Chreatchuraclam na Bunscoile*, agus na seacht bpríomhinniúlacht á léiriú ann, cothaíonn na cleachtais oideolaíochta seo timpeallacht agus cultúr foghlama ionchuimsitheach ina dtugann páistí faoi eispéiris foghlama luachmhara fhiúntacha. Laistigh de *Chreatchuraclam na Bunscoile*, leagtar béim ar thábhacht na gcaidreamh, agus tógann na cleachtais oideolaíochta ar a bhfuil breac-chuntas thíos orthu siúd a mholtar in *Aistear*, ag cur an chomhoibrithe chun cinn chomh maith leis an am agus an spás chun ceisteanna a chur, éisteacht, athsmaoineamh a dhéanamh ar, machnamh a dhéanamh ar, athshúil a thabhairt ar, teagmháil a dhéanamh le daoine eile agus leis an domhan nádúrtha.

Tá na cleachtais oideolaíochta thíos dinimiciúil agus ceanglaíonn siad lena chéile go nádúrtha. Mar shampla, nuair a fhréamhaíonn múinteoirí eispéiris foghlama i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus nuair a thugann siad cead do pháistí comhoibriú lena chéile agus réimse spéise a roghnú do thionscadal nó do mhionstaidéar, tacaítear le páistí san fhiosrúchán fiúntach, forbraítear bundhearcthaí, coincheapa, meonta, scileanna agus luachanna na dtíreolaithe agus na staraithe. Ar an mbealach céanna, trí réimse fianaise agus acmhainní a chur ar fáil do pháistí chun iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh, lena n-áirítear bunachair sonraí ar líne, taisclanna agus cláir idirghníomhacha, is féidir le múinteoirí deiseanna iontacha a chur ar fáil do pháistí chun a n-inniúlacht dhigiteach a fheabhsú.

**Ábhair foghlama dhomhanda**

Tá an fhoghlaim dhomhanda mar bhunús faoi theagasc an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil, lena n-áirítear cearta daonna, an daonlathas, cothroime, ceartas sóisialta agus comhshaoil, agus forbairt inbhuanaithe, ag cur ar chumas na bpáistí a bheith ina saoránaigh fheasacha ghníomhacha ar féidir leo cur le todhchaí níos cothroime agus níos inbhuanaithe.




**Fíor 4:** Ábhair foghlama dhomhanda

### Cearta Daonna

Tacaíonn an fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le forbairt na tuisceana idirchultúrtha de réir mar a iniúchann páistí éagsúlacht áiteanna an domhain, na ndaoine, na dtraidisiún cultúrtha, na gcreideamh, agus na gcruinneshamhlacha. Foghlaimíonn siad an tábhacht a bhaineann le tuiscint a fháil ar a n-oidhreacht féin agus ar oidhreacht daoine eile, ag léiriú meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar chearta daonna do chách.

### Daonlathas

Cuireann an fhoghlaim laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil chun prionsabail an daonlathais a thabhairt isteach, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leis an rannpháirtíocht agus leis an ionadaíocht.

### Cothromas

Baineann an fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le hiniúchadh na bpáistí ar ghuthanna, peirspictíochtaí agus eispéiris éagsúla a léiríonn réimse cúlraí sóisialta, cultúrtha agus socheacnamaíocha. Forbraíonn na páistí tuiscint ar thábhacht na cothroime, agus aithníonn siad go mbíonn gá le tuilleadh cabhrach ó roinnt daoine thar dhaoine eile, agus gur cheart tuiscint a léiriú dóibh.

### Ceartas Sóisialta agus Comhshaoil


Cuireann an fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil deiseanna ar fáil do pháistí chun iniúchadh a dhéanamh agus smaoineamh go criticiúil ar cheisteanna an cheartais shóisialta agus comhshaoil ó pheirspictíochtaí difriúla, ag leathnú a dtuisceana ar an domhan agus a ról ann, agus á spreagadh chun an claonadh i bhfoinsí a cheistiú agus a scrúdú go criticiúil.

### Forbairt Inbhuanaithe

Cuirtear ar chumas na bpáistí cuimhneamh ar spriocanna fadtéarmacha a thugann tús áite don inbhuanaitheacht thar thairbhí gearrthéarmacha, a ndícheall a dhéanamh ar son an chaomhnaithe agus d'úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, ídiú freagrach, agus táirgeadh.

## Cleachtais oideolaíochta san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

San Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, úsáideann múinteoirí cleachtais oideolaíochta oiriúnacha, bunaithe ar fhianaise a nascann le heispéiris saoil, cásanna, buanna, agus spéiseanna páistí (Féach Fíor 5). Níor cheart a mheas gur liosta uileghabhálach ná ordlathach iad na cleachtais seomra ranga a ndéantar cur síos orthu thíos, ach réimse cur chuige ar féidir leis an múinteoir cuimhneamh orthu agus iad ag ullmhú na n-eispéireas foghlama do pháistí sa réimse curaclaim seo. Tá na cuir chuige uilig seo bunaithe ar choincheapa a bhaineann le *Ag Obair mar Staraí* agus *Ag Obair mar Thíreolaí*. Tá acmhainní praiticiúla ar fáil sna h*Uirlisí Úsáide ar Líne d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na Bunscoile* chun tacú le múinteoirí iad a úsáid chomh maith le cleachtais oideolaíochta eile.




**Fíor 5:** Cleachtais oideolaíochta

## Fiosrúchán

Baineann an fiosrúchán le cur chuige i leith na foghlama a bhfuil ábhar ar leith ann, ina spreagtar na foghlaimeoirí chun ceisteanna a chur, lonnú, critíc a dhéanamh, gníomhú, agus faisnéis a úsáid. Cothaíonn an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil an fhoghlaim dhomhain de réir mar a dhéanann páistí anailís ar na caidrimh agus na pátrúin i measc gnéithe difriúla laistigh de phobail agus de shochaithe, ag cur ar a gcumas tuiscint níos doimhne a fháil ar ghnéithe stairiúla, tíreolaíocha agus sóisialta den saol atá fite fuaite ina chéile, agus ag cur lena bhforbairt iomlánaíoch ag an am céanna.

Agus iad ag obair mar thíreolaithe, téann páistí i ngleic leis an bhfiosrúchán tíreolaíoch, ag glacadh páirt i bhfiosrúcháin chomhoibríocha, ag cur ceisteanna, ag giniúint smaointe, ag cruthú agus/nó ag bailiú sonraí chun tuiscint a fhorbairt agus conclúidí a dhéanamh. Ar an mbealach céanna, nuair a bhítear ag obair mar staraithe, ag dul i ngleic leis an bhfiosrúchán stairiúil, bíonn ar pháistí foghlaim conas ceisteanna dílse a chur, fianaise stairiúil a roghnú agus a scrúdú, meas a léiriú ar chomhthéacs stairiúil, peirspictíochtaí éagsúla a mheas agus conclúidí loighciúla a dhéanamh.

Is féidir le múinteoirí cabhrú leis an bhfoghlaim bunaithe ar an bhfiosrúchán a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ceisteanna oscailte a chur a spreagann fiosracht agus a spreagann na paistí chun smaoineamh go criticiúil faoi eachtraí stairiúla (mar shampla "Cén fáth a dtarlódh an eachtra seo?" nó "Cén chaoi a bhféadfadh daoine éagsúla taithí dhifriúil a bheith acu ar an eachtra seo?")

- deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun áiteanna tíreolaíocha agus suíomhanna áitiúla ar ábhar spéise iad a iniúchadh
- réimse leathan bunfhoinsí a chur i láthair na bpáistí (mar shampla cáipéisí stairiúla, léarscáileanna, déantúsáin, grianghraif, ceol agus foirmeacha ealaíne eile) chun cuntais phearsanta agus fianaise a chur ar fáil le hanailís a dhéanamh orthu
- rannpháirteachas domhain, leanúnach agus machnamh criticiúil a chur chun cinn le fianaise stairiúil agus thíreolaíoch ó pheirspictíochtaí difriúla
- déantúsáin a úsáid (m.sh. réada, grianghraif, dealbha, téacsanna tábhachtacha/ beannaithe/ naofa srl.) chun creidimh, deasghnátha, treoirphrionsabail, deasghnátha aistriú saoil agus cleachtais a iniúchadh agus a thuiscint
- cabhrú le páistí naisc a chruthú le foirmeacha eolais stairiúla agus tíreolaíocha nua agus seana, agus páistí a spreagadh chun a gcuid smaointe a chur in iúl agus a roinnt go minic agus go hoscailte
- obair bunaithe ar thionscadal a leagan síos a ionchorpraíonn gníomhaíochtaí praiticiúla, (mar shampla athléirithe stairiúla, léarscáileanna nó samhlacha tíreolaíocha a dhearadh), deiseanna a chur ar fáil chun cuairt a thabhairt ar shuíomhanna ar ábhar spéise iad, agus úsáid réimse acmhainní a chur chun cinn (lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha)
- céimeanna machnamhacha a thagann ón bhfoghlaim a chur chun cinn agus tacú leo.

**Scéal**
Tá éisteacht le scéalta agus insint scéalta ina gcuid nádúrtha de thuras forbartha gach páiste. Spreagann scéalta samhlaíocht na bpáistí, spreagtar an fhiosracht agus an t-iontas, agus de réir mar a fhásann paistí, cuirtear le héagsúlacht na scéalta a léann nó a chloiseann siad, agus déantar iniúchadh níos doimhne ar na hinsintí.

Cuireann úsáid na scéalaíochta san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le forbairt eolas stairiúil na bpáistí maidir leis na daoine ón am atá caite agus a n-eispéiris. Agus iad ag obair mar staraithe, scrúdaíonn na páistí scéalta faoi na daoine seo, ag iniúchadh agus ag forbairt tuisceana ar a mothúcháin, a gcuspóirí, a n-iompar agus a rúin. San am céanna, agus iad ag obair mar thíreolaithe, forbraíonn páistí braistint áite agus spáis dá gceantar, agus cuimhníonn siad ar scéalta daoine in áiteanna difriúla chun a gcuid eispéireas féin a nascadh le heispéiris daoine eile sa domhan mór. Ceadaítear do pháistí comhbhá a fhorbairt le daoine eile nuair a théitear i ngleic le scéalta de dhaoine in áiteanna difriúla.

Is féidir le múinteoirí úsáid na scéalaíochta a chur chun cinn trí:
- a chinntiú go gcloiseann/go léann páistí réimse leathan scéalta ó roinnt peirspictíochtaí agus ó chúlraí éagsúla
- an stair ó bhéal a úsáid chun foinse chruinn a chur ar fáil a thugann bailiúchán agus anailís d'fhaisnéis stairiúil dóibh faoi dhaoine ar leith, teaghlaigh, eachtraí, nó eispéiris laethúla
- insintí stairiúla a roghnú go cúramach a tharraingíonn spéis na bpáistí, le straitéisí ceistiúcháin éifeachtacha ina dhiaidh sin agus dóthain ama a cheadú do pháistí lena machnamh a dhéanamh
- miotais agus finscéalta níos chasta ó chúlraí cultúrtha, eitneacha agus creidimh éagsúla a thabhairt isteach (in Éirinn agus i dtíortha eile) ar bhealach oiriúnach ó thaobh aoise de
- croineolaíocht na n-imeachtaí i scéalta a phlé
- athinsint na bpáistí ar scéalta agus eachtraí a tharla san am a chuaigh thart a chur chun cinn
- an chruthaitheacht a spreagadh agus a chinntiú go bhfuil bonn d'fhianaise stairiúil faoi insintí athchruthaithe na bpáistí
- páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scéalaíochta ina n-athchruthaíonn siad insintí stairiúla ó pheirspictíochtaí difriúla, ag cuimsiú rólimirt na gcarachtar difriúil nó ag cruthú críocha malartacha.
- glacadh le cuir chuige uile-scoile i leith dul i ngleic le scéalta.

**Cuir chuige spraíúla**

I rith na hóige, is fiú an súgradh ann féin, agus tá idir cheart agus fhonn súgartha ar pháistí. Is deis é an spraoi do mhúinteoirí chun plé leis na páistí ar bhealaí fiúntacha agus tuisceanacha. Is féidir cur go mór leis an bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil i dtimpeallacht spraíúil atá idirghníomhach, tarraingteach, ionchuimsitheach, agus tacúil, agus a chuireann deiseanna ar fáil d'fhiosrú fiúntach an domhain thart timpeall orthu.

Tríd an bhfiosrú stairiúil agus tíreolaíoch, ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe, déanann na páistí iniúchadh, scrúdú agus fiosrú, agus de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn trí na céimeanna seo, tugann siad aghaidh ar chuir chuige spraíúla i leith na foghlama a éiríonn níos sofaisticiúla agus níos dúshlánaí ó thaobh na cognaíochta de, de réir a chéile.

Is féidir le múinteoirí an spraíúlacht a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- mionstaidéir phraiticiúla spraíúla a chruthú agus timpeallachtaí foghlama a spreagadh, taobh istigh agus taobh amuigh araon
- réimse leathan déantúsán tadhaill a chur ar fáil do pháistí chun dul i ngleic leo agus iad a scrúdú
- spás sábháilte a chur ar fáil don spontáineacht, cruthaitheacht, agus spraoi shamhlaíoch
- páistí a spreagadh chun eachtraí stairiúla a thaifeadadh, a athinsint, agus a chur in ord trí fhoirmeacha ealaíne éagsúla, agus réimse leathan ábhar amhail marla, péint nó uirlisí digiteacha á sholáthar
- an drámaíocht shoch-dhrámatúil, rólimirt agus súgradh samhlaíoch a chuimsiú sa scéalaíocht
- teicnicí a úsáid mar shampla pictiúir reoite, hata an tsaineolaí, léiriú pearsan, múinteoir sa ról agus diancheistiú chun deiseanna foghlama spreagthacha eispéireasacha a chur ar fáil
- tacú leis an súgradh rioscach trí sholáthar deiseanna chun dul i ngleic leis an súgradh fisiciúil, léiritheach agus leis an bhfiosrú ar bhonn suíomhanna sa cheantar áitiúil a chuimsíonn gné an dúshláin agus na heachtraíochta
- míreanna mearaí tíreolaíocha nó dúshláin a thabhairt isteach a éilíonn scileanna a bhaineann le réiteach fadhbanna
- tóraíocht taisce nó conairí a chruthú ina ndéanann na páistí taiscéalaíocht ar thalamh na scoil nó ar an bpobal áitiúil chun leachtanna. déantúsáin stairiúla, gnéithe tíreolaíocha nó sainchomharthaí a shainaithint.

## Foghlaim lonnaithe in áit agus an obair amuigh faoin aer

Is ionann an fhoghlaim áitbhunaithe agus bealach chun an domhan a fheiceáil, aithne a chur air, agus é a thuiscint. Leagtar béim ann ar an nasc idir an oidhreacht áitiúil, na cultúir agus tírdhreacha agus an saol scoile trí fhoghlaim na bpáistí a chur amach faoin aer, lasmuigh den seomra ranga. Cuirtear deiseanna ar fáil ann do pháistí chun aghaidh a thabhairt go díreach ar an domhan máguaird, ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe i gcomhthéacsanna ábhartha fíorshaoil.

Cuireann an obair lasmuigh agus na heispéiris foghlama ghníomhacha sa cheantar comhthéacsanna dílse ar fáil a neartaíonn rannpháirteachas na bpáistí sa smaointeoireacht agus san fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch. Tríd an obair lasmuigh, is féidir le páistí iniúchadh a dhéanamh ar nithe beo, gnéithe agus próisis sa timpeallacht áitiúil lasmuigh. Na deiseanna a thugtar do pháistí chun eispéiris mhothaitheacha, ábhartha, fhisiciúla, chéadfacha a fháil trí thumadh i bhfiosrúchán/ trí fhiosrúchán praiticiúil ar áiteanna áitiúla a bhfuil cur amach acu orthu agus suíomhanna ar ábhar spéise iad, tá na deiseanna sin ina gcuid lárnach den fhoghlaim stairiúil agus thíreolaíoch.

Is féidir le múinteoirí cabhrú leis an obair lasmuigh agus an obair áitbhunaithe a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cead a thabhairt do pháistí teagmháil dhíreach a bheith acu leis an nádúr trí ghníomhaíochtaí phraiticiúla, ag breathnú ar agus ag iniúchadh na n-athruithe sa domhan nádúrtha i rith na séasúr chun tuiscint na bpáistí ar, agus a nasc leis an domhan nádúrtha a neartú (mar shampla sceitseáil allamuigh, cosáin nádúir, tóraíocht taisce)
- úsáid na ndialann nádúir nó na bpunann ina ndéanann na páistí taifeadadh ar a n-eispéiris foghlama áitbhunaithe agus a n-obair lasmuigh i rith na scoilbhliana a chur chun cinn
- deiseanna a thabhairt do pháistí chun eolas agus scileanna stairiúla agus tíreolaíocha a chur i bhfeidhm mar shampla léamh léarscáileanna agus déanamh léarscáileanna i gcomhthéacs fíorshaoil
- cuireadh a thabhairt do shaineolaithe áitiúla nó do bhaill an phobail chun a gcuid eolais agus taithí a roinnt le ranganna nó leis an bpobal uile-scoile
- aipeanna oideachais nó acmhainní eile ar líne a úsáid chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama lasmuigh
- deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun páirt a ghlacadh in obair thionscadail bunaithe ar fhiosrúchán, ag baint úsáid as réimse teicnící don obair lasmuigh lena n-áirítear an bhreathnóireacht, taifeadadh, anailísiú, agus roinnt/ cur i láthair sonraí leis an bpobal scoile agus le daoine eile sa cheantar áitiúil trí thaispeántais nó trí léirithe
- naisc thraschuraclaim a dhéanamh trí ábhair nó téamaí ón bhfíorshaol a úsáid don fhiosrúchán, lena n-áirítear foirgnimh sa cheantar agus daoine ón am atá caite, éagsúlacht chultúrtha, bruscar, páirceáil, bithéagsúlacht agus ceisteanna níos leithne faoin gcaighdeán comhshaoil agus faoin inbhuanaitheacht
- úsáid na gcéadfaí a chuimsiú de réir mar a spreagtar na páistí chun an méid a fheiceann siad, a chloiseann siad, a leagann siad lámh air, a bholaíonn agus a bhlaiseann siad a shainaithint agus iad ag dul i ngleic leis an bhfoghlaim áitbhunaithe agus leis an obair lasmuigh.

## Oideolaíocht idirphlé

Leagtar béim san oideolaíocht idirphlé ar an gcumarsáid oscailte, idirghníomhach, chómhalartach, ag déanamh éascaíocht ar aistriú gníomhach smaointe agus eolais. Cuirtear chun cinn leis an gcur chuige seo ionbhá, meas, agus níos mó ná peirspictíocht amháin a fheiceáil, d'fhonn steiréitíopaí agus míthuiscintí a laghdú agus feasacht eolasach á cothú ar dhiachaí, aindiachaí, agus ar chreidimh thuata.

Tacaíonn an oideolaíocht idirphlé le foghlaim na bpáistí faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Cruthaítear spás 'sábháilte' nuair a bhunaítear caidrimh chothaitheacha agus timpeallacht thacúil inar féidir le páistí a mhothú go bhfuil meas orthu agus ina bhfuil siad sásta scéalta, eispéiris, peirspictíochtaí agus tuairimí a roinnt agus éisteacht leo, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil nó cosúil lena gcinn féin.

Tá na naisc idir an Stair, an Tíreolaíocht, agus an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha casta agus suntasach. Nuair a fhorbraítear tuiscint ar na naisc seo, cuirtear léargas tábhachtach ar fáil ar ghnéithe cultúrtha, sóisialta, agus polaitiúla de shochaithe le linn tréimhsí agus áiteanna difriúla. Ag obair mar thíreolaí, trí fhorbairt a dhéanamh ar na bunscileanna tíreolaíocha, an t-eolas, na meonta agus na luachanna, cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí chun smaoineamh ar agus foghlaim ó shaol daoine eile, a reiligiúin atá difriúil óna chéile, a gcreidimh, a gcruinneshamhlacha, cé acu ina bpobal féin nó in áiteanna i bhfad i gcéin. Ar an mbealach céanna, cuirtear comhthéacs stairiúil ar fáil do pháistí nuair a bhíonn siad ag obair mar staraithe, trínar féidir forbairt, éabhlóid agus tionchar na reiligiún, na gcreideamh agus na gcruinneshamhlacha a iniúchadh.

Is féidir le múinteoirí an oideolaíocht idirphlé a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- scéalta, téacsanna, déantúsáin, íomhánna amhairc agus físeáin a roghnú go cúramach chun plé a spreagadh maidir le topaicí éagsúla an churaclaim
- deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun taighde a dhéanamh ar a gcreidimh/reiligiúin féin
- dialann mhachnamhach a choinneáil nó tascanna insinte pearsanta a chuimsiú inar féidir le páistí a gcuid creideamh, luachanna agus cruinneshamhlacha féin a fhiosrú
- treoirlínte a bhunú don chomhrá measúil laistigh den seomra ranga, agus béim á leagan ar thábhacht na héisteachta, na tuisceana, agus tuairimí difriúla a chur in iúl ar bhealach comhbhách
- gníomhaíochtaí éisteachta a úsáid chun scileanna éisteacha na bpáistí a fheabhsú agus an ionbhá a chothú (is féidir gníomhaíochtaí a chur san áireamh anseo ina n-éisteann páistí go gníomhach le peirspictíochtaí a chéile gan aon bhreithiúnas a thabhairt)
- déantúsáin a iniúchadh ó na mór-reiligiúin dhomhanda, ag spreagadh na bpáistí chun foinsí a cheistiú agus a anailísiú go criticiúil, ag cuimhneamh ar léamha agus peirspictíochtaí difriúla
- comhpháirtíochtaí a bhunú le scoileanna a bhfuil níos mó éagsúlachta iontu
- turais allamuigh a eagrú chuig suíomhanna áitiúla agus struchtúir a bhfuil tábhacht reiligiúnach agus chultúrtha ag baint leo, ionaid adhartha srl. agus/nó turais fhíorúla a eagrú chuig iarsmalanna agus áiteanna tábhachtacha eile.

### Ag cur scileanna digiteacha i bhfeidhm

Ceadaíonn teicneolaíochtaí digiteacha rochtain ar réimse leathan foinsí agus feidhmchlár fuaime, amhairc, idirghníomhach, ar féidir leo cur go mór le tuiscint stairiúil agus tíreolaíoch. Cuireann cartlanna agus feidhmchláir dhigiteacha bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha fianaise ar fáil ar féidir iad a úsáid chun cabhrú le páistí teacht ar shonraí agus ar thaifid

Nuair a leabaítear na teicneolaíochtaí digiteacha laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, cuirtear ar chumas na bpáistí conclúidí eolasacha a dhéanamh faoin am atá caite agus faoin am i láthair de réir mar a bhíonn siad ag obair mar thíreolaithe agus staraithe. Is féidir cuntais scríofa, cluaschuntais, agus cuntais amhairc a chur in eagar go fonnmhar agus a mhionathrú, agus is féidir obair na bpáistí a chur in iúl do dhaoine eile sa phobal scoile agus do lucht féachana níos leithne araon, ag léiriú na hidircheangailteachta idir na daoine agus na háiteanna inár ndomhan.

Déanann úsáid na dteicneolaíochtaí atá ag forbairt sa réimse curaclaim seo éascaíocht ar chur i láthair smaointe agus torthaí fhiosrúchán na bpáistí ar réimse bealaí, lena n-áirítear modhanna a chuimsíonn léirithe digiteacha agus neamhdhigiteacha, agus téarmaí a bhaineann go sainiúil le disciplín, agus os comhair lucht féachana níos leithne agus níos éagsúla.

Is féidir le múinteoirí cabhrú leis an bhfoghlaim dhigiteach a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- deiseanna a chur ar fáil do pháistí le dul i ngleic le réimse feidhmchlár atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus iad ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe
- léarscáileanna a úsáid i réimse formáidí (m.sh. léarscáileanna 3T, satailít oíche, grianghraif amhairc ón aer) le teagasc faoi ghnéithe fisiciúla agus faoina dtionchar ar cá háit/cén chaoi a maireann daoine
- bunachair sonraí ar líne a úsáid, mar shampla taifid an daonáirimh mar fhoinsí don fhiosrúchán stairiúil
- léarscáileanna scéil a úsáid a thugann an téacs, na híomhánna agus na léarscáileanna le chéile chun scéalta a chur in iúl
- comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a spreagadh le saineolaithe i réimse an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil (m.sh. eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta)
- ardáin chumarsáide agus chomhoibrithe a úsáid chun nascadh agus comhoibriú le scoileanna/saineolaithe/institiúidí eile ar thionscadail churaclaim, ábhair, agus téamaí ar ábhar comhspéise iad
- Réaltacht Fhíorúil agus Réaltacht Bhreisithe a úsáid agus obair lasmuigh fhíorúil á déanamh agus eispéiris idirghníomhacha an ama atá caite á ndéanamh
- leabhair dhigiteacha nó ríomhleabhair a chruthú chun a gcuid foghlama a roinnt nó obair thionscadail a chur i láthair.

## 6c. Measúnú a dhéanamh ar an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Is bunchuid den fhoghlaim agus den teagasc é an measúnú in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, a chuireann ar chumas na múinteoirí fianaise a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, agus a úsáid a dhéanann eolas d'ullmhúchán don fhoghlaim agus don teagasc amach anseo. Is próiseas é atá fós ag dul ar aghaidh, atá leanúnach agus comhoibríoch, a bhfuil múinteoirí agus páistí bainteach léi, agus atá freagrúil d'athruithe sa chomhthéacs.

Aithnítear i g*Creatchuraclam na Bunscoile* go bhfuil an measúnú ann feadh contanaim agus moltar réimse cineálacha measúnaithe a úsáid. San Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ina mbunaítear foghlaim na bpáistí ar an bhfiosrúchán, cumarsáid, tuiscint agus nascadh, bíonn gá le réimse cur chuige chun tuiscint iomlánaíoch a fháil ar dhul chun cinn na bpaistí sa réimse curaclaim seo. I gcontanam an mheasúnaithe, meastar an páiste a bheith ina ghníomhaire gníomhach a chuireann tuairimí in iúl, a roinneann dearcthaí, agus a dhéanann cinntí, agus tacaíonn na cuir chuige a leagtar amach sa chuid seo leis an bhfoghlaimeoir an cumas gníomhúcháin a chleachtadh, tuairimí a chur in iúl, agus céimeanna a ghlacadh. Aithníonn na cuir chuige seo an éagsúlacht trí réimse bealaí a chur ar fáil inar féidir le páistí páirt a ghlacadh, iad féin a chur in iúl agus dul i ngleic leis an bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

Agus deiseanna foghlama á n-ullmhú san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, le haghaidh gach páiste ina gcomhthéacs scoile, déantar eolas do agus múnlaítear cinntí proifisiúnta na múinteoirí tríd an méid seo a leanas:

- eolas ar an bpáiste agus ar a réamhfhoghlaim
- cur amach ar an gcuraclam
- cur amach ar oideolaíocht.

Trína gcur amach ar na páistí, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht a úsáid chun eolas a dhéanamh do chinntí proifisiúnta, is féidir le múinteoirí feabhas mór a chur ar dhul chun cinn na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

**An páiste agus a réamhfhoghlaim**
Tá aithne ag múinteoirí ar chúlraí, láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí agus aithníonn siad na bealaí éagsúla ina mbreathnaíonn páistí ar agus ina n-idirghníomhaíonn siad leis an domhan mórthimpeall orthu. Is féidir réamhfhoghlaim na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil a mheas trí ghníomhaíocht ar bith ina dtugtar deiseanna do pháistí lena gcuid tuisceana, tuairimí agus réasúnaíochta a chur in iúl (amhail mapáil coincheap, tobsmaointeoireacht srl.)


**An curaclam**
Cuirtear ar chumas na múinteoirí deiseanna foghlama oiriúnacha dílse a ullmhú don fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch de bharr a n-eolais ar churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil chomh maith le naisc ar féidir iad a dhéanamh le réimsí curaclaim eile. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama trí thrí shnáithe an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil, agus a rannpháirteachas mar thíreolaithe agus staraithe á ndoimhniú acu, tugann measúnú léargais agus eolas úsáideach dúinn ar a ndul chun cinn.

## Oideolaíocht

Baineann múinteoirí leas as a mbreithiúnas proifisiúnta agus a machnamh chun mionchoigeartú agus athrú a dhéanamh ar na cleachtais oideolaíochta agus ar an timpeallacht foghlama a ullmhaíonn siad araon, chun cur le eispéiris foghlama na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Cabhraítear le heispéiris foghlama spraíúla spreagthacha oiriúnacha a chur ar fáil trí chomhráite proifisiúnta le comhghleacaithe, an fhorbairt ghairmiúil leanúnach, úsáid an cheantair agus rochtain ar thimpeallachtaí foghlama saibhre taobh istigh agus lasmuigh.

### Deiseanna chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Is riachtanach an cumas na gnéithe sóisialta agus imshaoil a aithint i ngnáthchúrsaí saoil an pháiste agus an fhoghlaim fhéideartha a fhorbairt a eascraíonn astu maidir le pleanáil don mheasúnú. Is féidir measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí sa réimse curaclaim seo feadh an chontanaim measúnaithe a leagtar amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (mar atá le feiceáil i bhFíor 6 thíos).




**Fíor 6:** An contanam measúnaithe

Le linn an phróisis foghlama san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, is minic a tharlaíonn measúnú trí thimpiste, gan smaoineamh agus mar fhreagairt ar tharluithe nach raibh aon choinne leo. Is féidir sonraí measúnaithe saibhre a fháil trí ghlacadh leis na deiseanna gan choinne seo le haghaidh foghlama agus trí léargais luachmhara a thapú ó eispéiris, freagraí, ceisteanna, fadhbanna agus tascanna na bpáistí.

### Modhanna maidir le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Leas a bhaint as modhanna éagsúla measúnaithe ar bhealaí idir-athraitheacha, chun léargas luachmhar a fháil ar fhoghlaim na bpáistí. Seo thíos roinnt de na modhanna is dócha a úsáidfidh múinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil de réir mar a fhoghlaimíonn siad sna trí ghné a bhaineann le fiosrúchán, cumarsáid, tuiscint agus nascadh.

**Aiseolas:** Spreagann an t-aiseolas san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na páistí chun smaoineamh go criticiúil ar eachtraí stairiúla, ceisteanna sóisialta, agus feiniméin thíreolaíocha.

Is féidir leis iad a spreagadh chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis, cuimhneamh ar níos mó ná peirspictíocht amháin agus naisc a aimsiú idir na coincheapa difriúla. Anuas air sin, is féidir leis an aiseolas cabhrú le léiriú a thabhairt ar chur i bhfeidhm praiticiúil na scileanna agus na gcoincheap stairiúil tíreolaíoch i gcásanna san fhíorshaol.

**Breathnuithe:** Agus na páistí ag dul i ngleic leis an obair mar staraithe agus mar thíreolaithe, déanann na múinteoirí monatóireacht ghníomhach orthu agus déanann siad breathnóireacht ar na heispéiris foghlama, ag tabhairt freagra ar chásanna foghlama tráthúla de réir mar a thagann siad aníos go nádúrtha. Cuirtear léargas luachmhar ar fáil do mhúinteoirí trí bhreathnú, éisteacht le, agus cumarsáid a dhéanamh le páistí ag céimeanna éagsúla den fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch, lena n-áirítear le linn gníomhaíochtaí foghlama taobh amuigh.

**Ceisteanna:** Is gné thábhachtach den mheasúnú san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil iad ceisteanna a chur. Nuair a spreagtar páistí chun ceisteanna a chur, forbraítear a gcumas mar dhaoine a chuireann ceisteanna agus mar dhaoine a thagann ar réiteach na gceisteanna, agus cuirtear an smaointeoireacht dhomhain thíreolaíoch agus stairiúil chun cinn. Is féidir le ceisteanna dea-dhéanta, oscailte, grinne ó mhúinteoirí léargas a chur ar fáil ar leibhéal smaointeoireachta agus rannpháirteachais na bpáistí laistigh d’fhiosrúchán ar leith.

**Comhdhálacha:** Déanann comhdhálacha measúnú ar scileanna cumarsáide na bpáistí, lena n-áirítear a gcumas smaointe a chur in iúl, tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i gcomhrá fiúntach. I gcás measúnuithe bunaithe ar thionscadal agus an fhoghlaim ar bhonn fiosraithe, is féidir comhdhálacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas chomh maith leis an toradh deiridh. Cuireann comhdhálacha ar chumas na múinteoirí aiseolas sonrach, spriocdhírithe, chun oiriúint gach páiste aonair a chur ar fáil.

**Tascanna:** Féadfaidh tascanna fiúntacha, ábhartha, praiticiúla agus fiosrúcháin a bheith an-úsáideach ar fad chun léargas a thabhairt ar leibhéal tuisceana na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Is féidir tascanna measúnaithe a dhearadh ar go leor bealaí, lena n-áirítear scríofa, ó bhéal, praiticiúil nó digiteach, agus is féidir leo tarlú taobh istigh nó lasmuigh chun a chur ar chumas na múinteoirí tuiscint dhomhain a fháil ar fhoghlaim na bpáistí.

**Foghlaim bunaithe ar thionscadal:** Cuirtear cur chuige dinimiciúil éifeachtach i leith an mheasúnaithe ar fáil nuair a chuirtear deiseanna ar fáil do pháistí chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim imscrúdaitheach bunaithe ar thionscadal san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Bíonn ar pháistí a gcuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs dílis fíorshaoil. Féadfaidh sé a bheith fiúntach am a leagan amach do pháistí chun a gcuid oibre a léiriú agus a chur i láthair, chun feabhas a chur ar mheasúnú na múinteoirí ar rannpháirteachas na bpáistí lena dtionscadal.

**Punanna:** Tacaíonn tiomsú na bpunann le páistí i bhforbairt na smaointeoireachta stairiúla agus tíreolaíocha, agus leis na scileanna a bhaineann le hanailís a dhéanamh, measúnú a dhéanamh agus taifeadadh a dhéanamh, atá ina gcuid ríthábhachtach d’obair na staraithe agus na dtíreolaithe. Is féidir punanna a chur le chéile, go digiteach nó ar bhealach eile, chun fianaise ar fhoghlaim na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil a chur i dtoll a chéile.

**Trialacha a dhearann an múinteoir:** Nuair a úsáidtear in éineacht le foirmeacha eile measúnaithe iad, féadfaidh trialacha a dhearann an múinteoir a bheith ina bhfoinse thábhachtach aiseolais

mhionsonraithe ar fhoghlaim na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Cuireann measúnuithe a dheartar go cúramach ar chumas na múinteoirí eolas na bpáistí ar ábhar stairiúil agus tíreolaíoch a shainaithint, i dtopaic ar leith den churaclam nó i réimse fiosrúcháin.

**Piarmheasúnú agus féinmheasúnú:** Is féidir le múinteoirí straitéisí a chur i bhfeidhm a spreagann páistí chun páirt a ghlacadh sa phiarmheasúnú agus san fhéinmheasúnú de réir mar a dhéanann siad machnamh ar, agus mar a roinneann siad, aiseolas ar fhoghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Tá sé ríthábhachtach atmaisféar ranga ionchuimsitheach, measúil, comhoibríoch a chur chun cinn chun féinmhachnamh na bpáistí a chothú mar aon lena smaoineamh ar fhoghlaim a bpiaraí agus iad ag dul i ngleic le hobair na staraithe agus na dtíreolaithe.

Tacaíonn úsáid dhiongbháilte na cáipéisíochta le cleachtas maith measúnaithe. Tagann an cháipéisíocht chun cinn as an bpróiseas bailithe fianaise, agus bíonn nótaí mínithe agus nótaí eile a rinne an múinteoir le fáil ann. Cuireann cáipéisíocht dá leithéid leis an léargas saibhir iomlán a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí ar gach páiste mar fhoghlaimeoir ar mhaithe leis an tacaíocht agus na heispéiris a sholáthar a thacaíonn le dul chun cinn agus forbairt thar an gcuraclam.

# 7. Achoimre ar Uirlisí Úsáide Ar Líne don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, cuirfidh Uirlisí Úsáide Ar Líne d’Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na Bunscoile tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí maidir le taithí shaibhir foghlama a chruthú do pháistí. Cuimseofar ábhair thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí sna gnéithe a bhaineann leis na huirlisí úsáide ar líne.

# 8. Gluais

| Téarma | Cur síos |
|---|---|
| **Déantán** | Earra de dhéantús an duine a bhfuil spéis stairiúil ann, lena n-áirítear mar fhoinse fianaise. |
| **Creidimh** | Is éard is creidimh ann ná na smaointe agus na tuairimí a mheasann daoine iad a bheith fíor. |
| **Bithéagsúlacht** | Éagsúlacht na nithe beo, mar shampla plandaí, ainmhithe, agus feithidí, agus conas a oibríonn siad uilig le chéile i ngnáthóga éagsúla agus in éiceachórais níos mó |
| **Sibhialtacht** | Daoine nó náisiún san am atá thart a bhí eagraithe ar bhonn sóisialta nó polaitiúil. |
| **Comóradh** | Gníomh cuimhneacháin poiblí ar eachtra nó ar dhuine a raibh tábhacht stairiúil leis nó léi. |
| **Meon** | Nós seasmhach intinne nó gnímh. An nós atá ag an bpáiste freagairt don chás ina bhfuil sé/sí ar bhealaí áirithe. |
| **Éiceachóras** | Pobal na n-orgánach beo, mar shampla plandaí agus ainmhithe, a mbíonn teagmháil acu lena chéile agus a mbíonn a dtimpeallacht fhisiciúil i gceantar ar leith. |
| **Comhbhá** | Tuiscint a fháil ar spreagadh, gníomhartha, luachanna agus creidimh na ndaoine. |
| **Timpeallacht** | ***Dhaonna:***<br>Ceantair ar athraíodh iad mar gheall ar dhaoine a bheith ann, gníomhaíochtaí feirmeoireachta, baint acmhainní, soláthar bóithre agus naisc chumarsáide eile agus tógáil na bhfoirgneamh.<br><br>***Nádúrtha:***<br>Cruthaithe go mór mór trí idirghníomhú ghnéithe fhisiciúla agus phróisis an Domhain, a fhlóra agus a fhána, m.sh., d'fhéadfadh foraois bháistí thrópaiceach, talamh portaigh nó cladach carraigeach a bheith ina samplaí de thimpeallachtaí nádúrtha. |
| **Ceartas Imshaoil** | Is ionann an ceartas imshaoil agus láimhseáil chóir agus rannpháirteachas fiúntach gach duine i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na ndlíthe, na rialachán, agus na mbeartas timpeallachta. Tá sé d'aidhm aige a chinntiú go mbíonn an rochtain chéanna ag gach duine ar thimpeallacht shláintiúil shábháilte. |
| **Comhfhiosacht faoin stair** | Ag féachaint ar an domhan go stairiúil, á threorú ag feasacht maidir le coincheapa stairiúla, ag léiriú feasachta maidir leis an 'léargas iomlán' agus maidir le ham agus áit. |
| **Cearta daonna** | Bunchearta a chosnaíonn dínit, comhionannas, agus saoirse gach duine, beag beann ar dhifríochtaí cultúrtha, sóisialta nó polaitiúla. |
| **Timpeallacht foghlama** | Is éard atá i gceist leis seo ná spás ar bith, laistigh nó lasmuigh, inar féidir le páistí foghlaim nó a dtuiscint a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| **Ceantar** | An limistéar tíreolaíoch áitiúil lena n-áirítear na daoine agus na háiteanna laistigh d'eispéiris dhíreacha an pháiste. |
| **Imirce** | Gluaiseacht daoine ó áit amháin go háit eile, chuig nó ó thír dhifriúil nó laistigh de thír. |
| **Níos mó ná peirspictíocht amháin** | Is éard atá i gceist le níos mó ná peirspictíocht amháin ná smaoineamh ar réimse dearcthaí, tuairimí nó peirspictíochtaí nuair a dhéantar anailís nó plé ar ábhar. |
| **Súgradh rioscach** | Is féidir súgradh contúirteach a shainmhíniú mar shúgradh fisiciúil, léiritheach agus spreagúil, lena mbaineann gné de riosca, dúshlán agus eachtraíocht. |
| **Deasghnátha** | Na traidisiúin, na nósanna agus na gníomhartha a dhéanann teaghlach, pobal nó sochaí arís agus arís eile. |
| **Ceartas sóisialta** | Is ionann an ceartas sóisialta agus dáileadh cóir cothrom na n-acmhainní, na ndeiseanna agus na bpribhléidí laistigh de shochaí, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar bhunriachtanais agus deiseanna. |
| **Córais Shóisialta** | Na bealaí ina nascann daoine lena chéile, ina ndéanann siad cumarsáid agus comhoibriú laistigh de ghrúpaí móra, pobail, nó daonraí. |
| **Inbhuanaitheacht** | Úsáid fhreagrach agus caomhnú acmhainní chun freastal ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.<br>Is éard atá i gceist leis ná cuimhneamh ar thrí cholún na hinbhuanaitheachta: gnéithe timpeallachta, sóisialta, eacnamaíocha, chun a chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann a chuireann pláinéad sláintiúil, sochaithe córa cothroma, agus folláine eacnamaíoch fhadtéarmach chun cinn. |
| **Cruinneshamhail** | Bunchreideamh agus peirspictíocht duine a mhúnlaíonn a thuiscint ar an domhan. |

# Aguisín 1: Coincheapa agus Scileanna an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

*San aguisín seo cuirtear achoimre ar fáil ar na coincheapa agus na scileanna de 'Ag Obair mar Thíreolaí' agus 'Ag Obair mar Staraí' laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Léirítear an t-eolas seo mar aguisín a ghabhann leis an dréachtsonraíocht le haghaidh comhairliúcháin in 2024. Beidh an t-eolas seo ar fáil sna hUirlisí Úsáide Ar Líne d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ar curriculumonline.ie nuair a bheidh sé curtha i gcrích.*

Cuirtear deiseanna ar fáil san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil do pháistí chun taithí a fháil ar agus páirt a ghlacadh in obair na staraithe agus na dtíreolaithe chun tuiscint a fhorbairt ar ghnéithe sóisialta, stairiúla agus tíreolaíocha den saol agus chun an domhan mórthimpeall orthu a iniúchadh, lena n-áirítear eispéireas an duine san am atá caite. Trí choincheapa agus scileanna tábhachtacha a bhaineann le bheith 'ag obair mar staraí' agus 'ag obair mar thíreolaí' a leabú, beidh páistí ullmhaithe leis na scileanna, an t-eolas, na dearcthaí agus na meonta luachmhara a thacóidh leo a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair, agus mar bhaill de phobail áitiúla, náisiúnta agus domhanda. Tá sé d'aidhm ag *'Ag obair mar Staraí'* agus *'Ag obair mar Thíreolaí'* réimse coincheap agus scileanna tábhachtacha stairiúla agus tíreolaíocha a chuimsiú atá mar bhonn faoi na Torthaí Foghlama san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil thar chéim 1– 4. Forbraítear na coincheapa agus na scileanna tábhachtacha seo laistigh de chomhthéacs na dtopaicí curaclaim, na dtéamaí agus na gcás-staidéar a pleanáladh go cúramach.

## Coincheapa an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

Is éard atá i gceist le coincheapa ná smaointe nó téamaí leathana, uileghabhálacha a iniúchann páistí chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an domhan mórthimpeall orthu. Tacaíonn na coincheapa seo le múinteoirí agus iad ag ullmhú do, ag eagrú agus ag nascadh ábhair, ag cothú na smaointeoireachta criticiúla, agus ag cabhrú le páistí de réir mar a thuigeann siad agus mar a chruthaíonn siad naisc fhiúntacha idir na topaicí curaclaim. Cé go bhfuil coincheapa ann a bhaineann go sonrach leis an Stair agus coincheapa a bhaineann go sonrach leis an Tíreolaíocht, is amhlaidh a chuireann siad lena chéile. Tá dhá choincheap choiteanna thábhachtacha ann, (1) Comhbhá agus; (2) Níos mó ná peirspictíocht amháin, a thagann leis an Stair agus leis an Tíreolaíocht laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

### Coincheapa Oideachais Shóisialta agus Imshaoil



## Coincheapa coiteanna

### Comhbhá

Baineann an coincheap seo le páistí ag forbairt feasacht agus tuiscint ar eispéiris, cinntí, peirspictíochtaí, agus gníomhartha na ndaoine ó áiteanna, cultúir, traidisiúin, reiligiúin agus cruinneshamhlacha éagsúla, san am atá caite agus san am i láthair araon. Baineann sé freisin le spéis a léiriú i ndaoine san am atá caite agus san am i láthair agus bá a léiriú leo, ag aithint agus ag léiriú meas ar a mothúcháin dhaonna agus ag nascadh eispéireas daoine eile lena n-eispéiris féin. Tá braistint comhbhá ríthábhachtach má tá an páiste le bheith feasach go criticiúil ar a chuid dearcthaí féin agus ar dhearcthaí daoine eile, comhmheas agus caoinfhulaingt a chothú, ag cur ar chumas na bpáistí cur go luachmhar leis an tsochaí, mar dhaoine aonair agus mar bhaill de shochaí éagsúil.

### Níos mó ná peirspictíocht amháin

Is éard atá i gceist leis an gcoincheap seo ná smaoineamh ar réimse dearcthaí, tuairimí nó peirspictíochtaí nuair a dhéantar anailís nó plé ar eachtraí nó topaicí ar leith. Múnlaítear peirspictíochtaí daoine trína luachanna, reiligiúin, creidimh, cruinneshamhlacha, cultúr, suíomh agus eispéiris, agus bíonn tionchar acu ar a ndearcthaí i leith eachtraí, forbairtí agus ceisteanna. Ullmhaíonn braistint de níos mó na peirspictíocht amháin páistí le bunscileanna agus dearcthaí, lena n-áirítear an smaointeoireacht chriticiúil agus an fheasacht chultúrtha. Tá na tréithe seo tábhachtach d'fhás pearsanta na bpáistí agus don rannpháirtíocht ghníomhach i ndomhan nasctha éagsúil.

## Coincheapa tíreolaíochta

### Braistint Áite

Is ionann Braistint Áite agus tuiscint ar ghnéithe agus tréithe uathúla áite, agus ar an gcaoi a raibh, a bhfuil, agus a bhféadfadh tionchar a bheith ag daoine agus ag próisis nádúrtha uirthi. Baineann sé le léirthuiscint a fhorbairt ar thionchar spreagthaí, creideamh, luachanna agus dearcthaí daoine aonair chun a chur ar chumas na bpáistí féiniúlacht ar leith na suíomhanna éagsúla a shainaithint agus a thuiscint. Cuirtear tús le forbairt ar bhraistint áite an pháiste sa bhaile agus sa cheantar máguaird, agus leathnaítear amach í trí iniúchadh a dhéanamh ar thimpeallachtaí éagsúla an duine agus ar na timpeallachtaí nádúrtha i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus domhanda.

### Braistint Spáis

Is ionann Braistint Spáis agus an tuiscint ar cá háit a bhfuil áiteanna agus conas atá siad nasctha le chéile. Forbraítear Braistint Spáis de réir mar a iniúchann páistí a dtimpeallachtaí agus mar a fhorbraíonn siad eolas ar cá háit a bhfuil áiteanna agus réada lonnaithe, chomh maith leis an scála tíreolaíoch a bhaineann leis na háiteanna agus réada seo. Trí fheasacht ar spásúlacht na bpáistí a fhorbairt, is féidir leo tosú ag aithint conas agus cén fáth a bhfuil áiteanna bainteach lena chéile agus nasctha lena chéile agus cén fáth a bhfuil spás ann dóibh laistigh d'áiteanna eile.

### Braistint Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta

Is ionann feasacht ar an gComhshaol agus ar an Inbhuanaitheacht agus tuiscint ar na timpeallachtaí agus na cúinsí ina mbíonn teagmháil ag daoine agus ag nithe beo eile lena chéile. Forbraítear braistint comhshaoil na bpaistí trí fhiosrú agus iniúchadh a dhéanamh ar

thimpeallachtaí an duine agus ar thimpeallachtaí nádúrtha agus na hidirghníomhaíochtaí eatarthu. Is ionann an inbhuanaitheacht agus maireachtáil ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin a chur i mbaol. Forbraítear braistint inbhuanaitheachta na bpáistí trí fheasacht agus tuiscint a chothú ar ghnéithe timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocha den saol.

## Coincheapa stairiúla

### Am agus cróineolaíocht

Meastar gur gné thábhachtach den Stair a fhoghlaim é tuiscint a fhorbairt ar an am agus ar an gcróineolaíocht. Tá coincheap 'an ama' sa Stair níos leithne ná am cuspóireach matamaiticiúil. Tríd an tuiscint ar an am agus ar an gcróineolaíocht, cuirtear ar chumas na bpáistí daoine stairiúla agus eachtraí a lonnú i dtréimhse, ag cur le tuiscint an 'léargais iomláine'.

Baineann an fiosrú agus an t-iniúchadh ar thréimhsí stairiúla le heolas ar dhátaí agus ar thréimhsí lipéadaithe a shárú, agus a bheith ábalta an tréimhse atá á plé a shamhlú trí ghnéithe den chultúr agus príomhthréithe an ama a aithint. Cabhraíonn tuiscint láidir ar thréimhse stairiúil le páistí an t-am atá caite a nascadh leis an am i láthair, ag tacú lena mbraistint féiniúlachta agus muintearais, agus lena gcumas feidhmiú mar shaoránaigh i sochaí dhaonlathach.

### Cúis agus éifeacht

Baineann an coincheap seo le páistí a bheith ag forbairt tuisceana gur féidir le heachtraí san am atá caite níos mó ná cúis agus éifeacht amháin a bheith acu. Anuas air sin, aithníonn páistí gur féidir na cúiseanna agus an éifeacht seo a nascadh le chéile, agus go mbíonn idir iarmhairtí láithreacha, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ag baint leis na heachtraí seo.

### Athrú agus leanúnachas

Is éard atá i gceist leis an gcoincheap seo ná go bhforbraíonn páistí tuiscint ar mhéid, treo agus luas an athraithe agus an leanúnachais, trí iniúchadh a dhéanamh ar agus comparáid a dhéanamh idir na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair, agus thar thréimhsí stairiúla éagsúla freisin.

Cuireann príomhsmaoineamh na feasachta stairiúla bonn faoi na coincheapa thuas.
Baineann an fheasacht stairiúil le cumas na bpáistí féachaint ar an domhan go stairiúil, á dtreorú ag feasacht maidir le coincheapa stairiúla, ag léiriú tuiscint ar an 'léargas iomlán' agus ar am agus áit. Is éard is brí le bheith feasach go stairiúil ná go bhfuil páistí ar an eolas maidir le conas a bhíonn tionchar ag athruithe, gearrthéarmacha nó fadtéarmacha, ar dhaoine in áiteanna agus in amanna difriúla. Aithníonn siad conas a mhúnlaigh daoine agus eachtraí ón am atá caite an domhan mórthimpeall orthu, agus úsáideann siad an fheasacht seo chun smaoineamh ar choincheapa ó dhearcthaí éagsúla, ar bhealach cóir agus neamhchlaonta. Tuigeann páistí agus bíonn meas acu ar an gcúis a ndearna daoine san am atá caite an méid a rinne siad, ag cuimhneamh ar chúinsí a linne.

## Scileanna an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

Baineann foghlaim na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le rannpháirteachas san fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch. Mar staraithe agus mar thíreolaithe, bíonn paistí ag obair go neamhspleách agus go comhoibríoch, ag baint leas as réimse scileanna coiteanna, lena n-áirítear:

- Ag baint úsáid as fianaise agus foinsí
- Léirmhíniú agus anailísiú
- Measúnú agus cinnteoireacht
- Cumarsáid
- Ceisteanna a chur / a fhiosrú

Trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm na scileanna seo thar chéimeanna 1 – 4, cuirtear ar chumas na bpáistí meas agus tuiscint a fhorbairt ar an domhan ina maireann siad, san am atá caite agus san am i láthair. Tugtar an chumhacht dóibh a bheith ina mbaill ghníomhacha rannpháirteacha thuisceanacha dá bpobail agus den tsochaí ina hiomláine.

### Scileanna Oideachais Shóisialta agus Imshaoil




## Scileanna coitianta

### Ag baint úsáid as fianaise agus foinsí

Tugann páistí faoi bhailiú agus faoi fhiosrú gníomhach praiticiúil fianaise agus ábhair bunaidh a bhaineann leis an bhfiosrúchán, ag freagairt ceisteanna agus ag réiteach fadhbanna. Agus iad ag obair le fianaise, déanann páistí measúnú ar fhoinsí eolais ó thaobh na bailíochta agus na hiontaofachta de.

### Léirmhíniú agus anailísiú

Scrúdaíonn páistí réimse foinsí, i bhformáidí éagsúla, ag smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach faoin bhfianaise a bhfuil anailís á déanamh uirthi agus ag cuimhneamh ar níos mó ná peirspictíocht amháin.

### Measúnú agus cinnteoireacht

Déanann páistí sonraí a mheas agus fianaise a iniúchadh chun conclúidí a dhéanamh agus a chosaint. Trína rannpháirteachas san fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch, forbraíonn siad hipitéisí agus déanann siad cinntí feasacha.

### Cumarsáid

Cuireann páistí eolas, smaointe agus léirmhínithe in iúl a bhaineann lena mionstaidéir agus lena bhfiosrúcháin mar staraithe agus mar thíreolaithe. Ionchorpraíonn siad fianaise ó fhoinsí stairiúla agus tíreolaíocha chun cur síos a chruthú agus freagraí a fhorbairt ach réimse meán a úsáid.

### Ceisteanna a chur/a fhiosrú

Forbraíonn agus cuireann páistí ceisteanna, déanann siad tairngreachtaí, pleanálann siad agus téann siad i mbun fiosrúchán trí fhianaise ó réimse foinsí a bhailiú, breathnú uirthi, í a thomhas, a thaifeadadh agus a mheas. Cuimsíonn sé sin obair le déantúsáin agus páirt a ghlacadh in obair fhiúntach lasmuigh. Déanann páistí taifeadadh ar a dtorthaí ó na fiosrúcháin seo agus léiríonn siad iad i réimse formáidí.

## Scileanna stairiúla

Is éard atá i gceist le scileanna stairiúla ná na bunuirlisí a chuireann ar chumas na bpáistí scéalta ón am atá caite a thuiscint. Ag obair mar staraithe, foghlaimíonn páistí conas iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus foinsí stairiúla agus iad a léirmhíniú. Trí scrúdú criticiúil a dhéanamh ar réimse leathan foinsí fianaise, forbraíonn páistí tuiscint ar ár stair chomhroinnte.

### Smaointeoireacht stairiúil

Mar staraithe, cuireann páistí an smaointeoireacht stairiúil i bhfeidhm chun leas a bhaint as coincheapa na cúise agus na héifeachta, an leanúnachais agus an athraithe, agus na tábhachta stairiúla chun tuiscint a fhorbairt ar an am atá caite. Breathnaíonn siad ar phatrúin an leanúnachais agus an athraithe chomh maith le héifeachtaí beartaithe agus neamhbheartaithe na n-athruithe sin.

### Smaointeoireacht chróineolaíoch

Mar staraithe, cuireann páistí scileanna smaointeoireachta cróineolaíochta i bhfeidhm chun daoine stairiúla, eachtraí, agus tréimhsí a lonnú laistigh de sheicheamh stairiúil leathan. Cuireann forbairt na scileanna smaointeoireachta cróineolaíochta tuiscint na bpáistí chun cinn ar choincheapa an athraithe agus an leanúnachais agus ar chúis agus éifeacht. Forbraíonn na páistí feasacht ar conas atá eachtraí ar leith nasctha le chéile agus conas a bhíonn tionchar ag an méid a tharla roimhe agus tar éis orthu.

### Fianaise stairiúil a úsáid

Mar staraithe, déanann páistí réimse fianaise stairiúla a cheistiú, a anailísiú agus a léirmhíniú (m.sh. fianaise amhairc, fianaise dhoiciméadach, fianaise ó bhéal agus fianaise fhisiciúil) chun peirspictíochtaí stairiúla faoin am atá caite a chur le chéile, a bhaint as a chéile, agus a chur le chéile arís. Aithníonn siad bunús agus ábhar na bhfoinsí agus scrúdaíonn siad iontaofacht an eolais mar fhianaise. Cuireann páistí peirspictíochtaí i bhfoinsí i gcomparáid lena chéile agus míníonn siad conas a bhíonn tionchar ag eachtraí, creidimh agus luachanna ar leith orthu.

## Scileanna tíreolaíochta

Is éard atá i gceist le scileanna tíreolaíocha ná na huirlisí a chuireann ar chumas na bpáistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus a mbealach a dhéanamh tríd. Ag obair mar thíreolaithe, foghlaimíonn páistí conas breathnóireacht agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis thíreolaíoch agus í a léirmhíniú, ag forbairt tuiscint ar thréithe dinimiciúla an Domhain agus ar thírdhreacha éagsúla.

### Scileanna Léarscáilíocht/Grafachta

Mar thíreolaithe, tugann páistí faoi léarscáileanna a dhéanamh agus a léamh, agus bunchloch na léarscáilíochta á cur i bhfeidhm – suíomh, scála, siombail, peirspictíocht, agus treo – chun tuiscint a fháil ar mhéid agus ar scála na n-áiteanna agus ar shuíomh na n-áiteanna sna timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha araon. Baineann páistí úsáid as a n-eolas tíreolaíoch chun patrúin agus treochtaí i sonraí a shainaithint agus a mhíniú, ag ginearálú agus ag déanamh tairngreachtaí agus ag breathnú ar naisc agus ar idirghaolmhaireachtaí.

### Léirmhíniú Físiúil agus Scileanna Cumarsáide

Mar thíreolaithe, tugann páistí aghaidh ar bhailiú, obair le, agus freagra a thabhairt ar léirithe pictiúrtha agus fíorúla d'áit (m.sh. grianghraif, físeáin, pictiúir a tarraingíodh, agus léarscáileanna); léirithe físiúla a chruthú de ghnéithe agus d'áiteanna trí phictiúir a tarraingíodh, léarscáileanna, samhlacha, agus teicneolaíochtaí digiteacha; léirithe pictiúrtha agus fíorúla de thimpeallachtaí éagsúla a chruthú agus freagra a thabhairt orthu (m.sh. grianghraif, físeáin, pictiúir a tarraingíodh, sceitsí, léarscáileanna, agus feidhmchláir Réaltachta Fíorúla/Réaltachta Breisithe).

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment